- Treoir agus oiliúint a thabhairt don Bhord, d'fhostaithe agus do chonraitheoirí maidir le héagsúlacht, ionchuimsiú agus comhionannas deiseanna.
- Aon duine a mhothaíonn gur imríodh leithcheal orthu nó a chonaic a leithéid ag titim amach a spreagadh leis an cheist a ardú lena mBainisteoir Líne nó lena n-ionadaí Ceardchumainn.
- Gach duine a chur ar an eolas faoina bhfreagracht phearsanta maidir le comhdheiseanna a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn agus iad ag plé le daoine ó lá go lá, agus fostaithe a spreagadh le caitheamh le gach duine le dínit agus le meas
- Athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar ár gcleachtais, polasaithe agus gnáthaimh fostaíochta lena chinntiú go mbímid ag déanamh de réir mar a éilítear leis an ráiteas seo.
- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht ár dtiomantas don éagsúlacht agus don ionchuimsiú agus do na polasaithe agus gnáthaimh a bhaineann leo, agus eolas a thabhairt don chomhlacht sainchomhairleoireachta uair sa bhliain ar a laghad.

Éilímid go n-aithníonn gach ball foirne na coimitmintí seo agus go ngníomhaíonn siad dá réir. Lena chois sin, déanfaimid de réir na reachtaíochta ábhartha uile agus de réir an dea-chleachtais.

Ní dhéanfar leithcheal san éagóir ar aon duine aonair. Áirítear leis sin, i measc nithe eile, leithcheal bunaithe ar aois, míchumas, athrú inscne, stádas pósta nó comhpháirtíochta sibhialta, toircheas nó saoire mháithreachais, cine, reiligiún nó creideamh, gnéas nó gnéaschlaonadh.

Ag Plé le Leithcheal

Níl iompraíocht dhoghlactha, ciapadh, leithcheal, bulaíocht (cibearbhulaíocht san áireamh) agus íospairt i leith aon duine ag teacht lenár spriocanna timpeallacht thacúil oibre a chothú, agus ní chuirfear suas lena leithéid. Fiosrófar líomhaintí maidir le hiompar den chineál seo agus déanfar bearta smachta de réir an Pholasaí agus Gnáthamh um Dhínit san Obair.

Freagracht

- Tá an Bord go hiomlán freagrach as cinnte a dhéanamh go n-oibríonn muid taobh istigh de chreatlach ina bhfuil comhionannas deiseanna.
- Tá Foireann na hArdbhainistíochta go hiomlán freagrach as bainistíocht, a roinntear i measc na mbainisteoirí ar fad san eagraíocht.
- Tá dualgas ar gach fostaí tacú le agus cloí le prionsabail ár ngealltanais do chomhionannas, d'éagsúlacht agus d'ionchuimsiú agus leis na polasaithe agus na nósanna imeachta a bhaineann leo.
- Is é Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha atá freagrach as an ráiteas seo a athbhreithniú.

Déantar an ráiteas seo a athbhreithniú go rialta agus, más gá, déantar é a athscríobh i bhfianaise athruithe reachtúla nó eagraíochtúla. Tá an ráiteas ar fáil don phobal trí shuíomh gréasáin Ghníomhaireacht na Lochanna agus ar bhealaí eile.





COMHALTAÍ BOIRD

Tá 12 Bhall ar Bhord Choimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann agus is í an Chomh-Aireacht Thuaidh/Theas a cheapann iad. Comhlíonann an Bord feidhmeanna an Chomhlachta maidir le Ceantair an Fheabhail agus Chairlinn trí Ghníomhaireacht na Lochanna. Tá triúr ban agus ochtar fear ar an Bhord.

In 2020 bhí dhá fholúntas ar an Bhord. Líon Laurence Abuckle folúntas an Chathaoirligh i mí na Nollag 2020 . Tá folúntas amháin go fóill ann. Athcheapadh Terry McWilliams ar an Bhord i mí na Nollag 2020 leis an tríú téarma aige a chur isteach.

Rialú

Tá rólanna agus freagrachtaí Bhord Ghníomhaireacht na Lochanna leagtha amach i Meabhrán Airgeadais na Gníomhaireachta. I measc na gceisteanna a bpléann an Bord go sonrach leo tá:

- Dearbhú Coimhlint Leasa;
- Straitéis an Bhoird a shocrú, le comhaontú ó CATT:
- Tuarascálacha ó Choistí;
- Tuarascálacha Airgeadais / Cuntais Bhainistíochta;
- Tuarascálacha Feidhmíochta, agus;
- · Ceisteanna Forchoimeádta.

De réir na ndualgas atá leagtha amach sa Chód Iompair, tá freagracht chorparáideach ar an Bhord as a chinntiú go mbíonn an Ghníomhaireacht ag comhlíonadh na n-aidhmeanna agus cuspóirí arna socrú ag na Ranna Coimircíochta, RTCGT agus RCAC, arna bhfaomhadh ag CATT, agus as úsáid éifeachtach, tíosach, éifeachtúil as acmhainní foirne agus eile ag an Ghníomhaireacht a chur chun cinn.

An Bord

Déanann Bord Ghníomhaireacht na Lochanna

an méid seo a leanas:

- socraíonn sé treoir straitéiseach fhoriomlán na Gníomhaireachta de réir an chreat polasaí agus acmhainní arna shocrú ag CATT, ag na hAirí cuí agus ag na Ranna Coimircíochta;
- tugann sé dúshlán na Foirne Bainistíochta Sinsearaí ar dhóigh chuidiúil maidir le pleanáil, socrú spriocanna agus feidhmíocht;
- cinntíonn sé go gcoinnítear na Ranna Coimircíochta ar an eolas faoi aon athruithe ar dócha go mbeidh tionchar acu ar threoir straitéiseach na Gníomhaireachta nó ar inchomhlíontacht spriocanna an eagrais, agus socraíonn siad na céimeanna is gá a ghlacadh le plé lena leithéid d'athruithe;
- riachtanas reachtúil agus riaracháin a bhaineann le húsáid cistí poiblí; go n-oibríonn an Ghníomhaireacht taobh istigh de theorainneacha a dualgais reachtúla agus de réir aon údarás tarmligthe arna chomhaontú leis na Ranna Coimircíochta, agus de réir aon choinníollacha eile a bhaineann le húsáid cistí poiblí; agus, cinntíonn sé nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh go nglacann an Bhord san áireamh an treoir ábhartha uile arna heisiúint ag CATT, na Ranna Airgeadais agus na Ranna Coimircíochta;
- cinntíonn sé go bhfaigheann sé faisnéis airgeadais faoi bhainistiú na Gníomhaireachta agus go scrúdaíonn sé í go rialta; go gcuirtear ar an eolas é go tráthúil maidir le haon cheisteanna buairimh i dtaca le gníomhartha na Gníomhaireachta; agus go dtugann sé dearbhú dearfach do na Ranna Coimircíochta go bhfuiltear ag déanamh na ngníomhartha cuí maidir le ceisteanna buairimh;
- bíonn ardchaighdeán rialú corparáideach i bhfeidhm i gcónaí aige, lena n-áirítear úsáid a bhaint as an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca le cuidiú leis an Bhord dul i ngleic le príomhrioscaí airgeadais agus eile atá roimh an Ghníomhaireacht.

Ceapadh Laurence Arbuckle mar Chathaoirleach ar an 16 Nollaig 2020 agus d'fhreastail sé ar an chéad Chruinniú Boird aige ar an 23 Feabhra 2021. Athcheapadh Terry McWilliams le haghaidh an dara téarma, 5 bliana, ar an 16 Nollaig 2020. Bhí 6 Chruinniú Boird ann in 2020. Seo a leanas eolas ar na comhaltaí agus a dtinreamh ag cruinnithe in 2020:

Comhalta Boird	Post	Tinreamh
Andrew Duncan	Leaschathao- irleach	6
Phil Mahon	Comhalta	6
Michael McCormick	Comhalta	4
Terry McWilliams	Comhalta	5
Allan Ewart	Comhalta	6
Alastair Patterson	Comhalta	4
Ian McCrea	Comhalta	1
Fiona Walsh	Comhalta	5
Heather Mackey	Comhalta	6
Patrick Gibbons	Comhalta	6

Cruinnithe Boird

Uimh.	Dáta
119	21 Feabhra 2020
120	5 Bealtaine 2020
121	30 Meitheamh 2020
122	4 Meán Fómhair 2020
123	30 Deireadh Fómhair 2020
124	18 Nollaig 2020

Tá miontuairiscí na gcruinnithe seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta: www.loughs-agency.org





AN COISTE UM INIUCHOIREACHT AGUS RIOSCA

Bhunaigh Bord CFCSÉ Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca le tacaíocht a thabhairt dóibh ina bhfreagrachtaí faoi riosca, faoi rialú agus faoi rialachas agus faoi dheimhniú a bhaineann leo.

Cuireann an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca comhairle ar an Oifigeach Cuntasaíochta agus ar an Bhord faoi:

- na próisis straitéiseacha maidir le riosca, le rialú agus le rialachas agus le Ráiteas faoin Rialú Inmheanach;
- na polasaithe cuntasaíochta agus faoi thuarascáil Bhliantúil agus Cuntais na Gníomhaireachta;
- an ghníomhaíocht atá beartaithe agus torthaí an Iniúchta Inmheánaigh agus

Sheachtraigh;


- chumas fhreagairt na bainistíochta ar shaincheisteanna atá aitheanta i dtuarascálacha na n-iniúchtaí Inmheánacha agus Seachtracha;
- dheimhnithe a bhaineann le bainistíocht riosca agus le ceanglais rialachais chorparáidigh na Gníomhaireachta;
- pholasaithe frith-chalaoise, faoi phróisis sceithireachta agus faoi shocrú d'fhiosrúcháin speisialta;
- thuarascálacha ábhartha a fháil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus ó eagraíochtaí eile;
- mhachnamh a dhéanamh ar thorthaí athbhreithnithe inmheánaigh nó sheachtraigh ar bith a bhfuil tionchar nach beag acu ar an Ghníomhaireacht.

Bhí 4 Chruinniú den Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca ann in 2020. Seo a leanas na sonraí maidir le comhaltas ar an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca agus le tinreamh ag cruinnithe in 2020:

Comhalta Boird	Post	Tinreamh
Patrick Gibbons	Cathaoirleach	4
Fiona Walsh	Comhalta	3
Allan Ewart	Comhalta	3
Alastair Patterson	Comhalta	4
Andrew Walker	Comhalta Comhthofa	4

Cruinnithe den Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca

Dáta
25th Márta 2020
22nd Meitheamh 2020
23rd Meán Fómhair 2020
3rd Nollaig 2020





AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH/THEAS


Bhí Cruinniú Earnála Dobharshaothraithe agus Muirí amháin den Chomh-Aireacht Thuaidh/ Theas ann in 2020. Is in Oifigí Chomhrúnaíocht CATT in Ard Mhacha a bhí an tríochadú cruinniú Dobharshaothraithe agus Muirí agus bhí cruinniú físchomhdhála ann ar an 21 Deireadh Fómhair 2020. Bhí an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Eamon Ryan, TD, an tAire Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe, Edwin Poots, CTR, agus an tAire Bonneagair, Nichola Mallon CTR, i láthair. Ba é an tAire Ryan a bhí sa Chathaoir.

gníomhaíochtaí, lena n-áirítear na hiarrachtaí leanúnacha caomhnóireachta agus cosanta, agus thug siad suntas do na nithe seo a leanas go háirithe: freagairt Ghníomhaireacht na Lochanna ar COVID-19; Treoir Straitéiseach Ghníomhaireacht na Lochanna don Ré Nua 2020-2030; an comhoibriú le roinnt tionscadail chaomhnóireachta, slatiascaireachta agus forbairt turasóireachta muirí a chur i gcrích, agus rath Chlár Ambasadóirí an Fheabhail agus Chairlinn. Léirigh an Chomhairle a shástacht fosta le hinfheistíocht leanúnach Ghníomhaireacht na Lochanna ina chlár eolaíochta monatóireachta iascach.

Tá miontuairiscí cruinnithe CATT le fáil ar shuíomh gréasáin CATT: https://www.northsouthministerialcouncil.org



RIALÚ CORPARÁIDEACH





RIALÚ CORPARÁIDEACH

Tá ról lárnach ag an Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha i mbaint amach spriocanna straitéiseacha na Gníomhaireachta. D'éirigh leis an Ghníomhaireacht a dualgais a chomhlíonadh ar bhonn leanúnach in 2020. An fhianaise air sin ná cruinnithe rialta den Bhord agus den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca; comhlíonadh próisis bainistiú riosca, agus córas éifeachtach rialú inmheánach a chur i bhfeidhm.

Rinne an Ghníomhaireacht monatóireacht ar a caiteachas le hais buiséid fhaofa agus thug sí tuairiscí rialta dá Ranna Coimircíochta. Leanadh le cruinnithe rialta Rialaithe agus Cuntasachta leis na Ranna Coimircíochta agus le teagmháil laethúil le linn 2020 lena chinntiú go raibh an Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit agus an Comhaontú Maoirsithe (RCAC) agus an Lámhleabhar Coimircíochta (RTCGT) á gcomhlíonadh.

Iniúchóireacht Inmheánach

Is cuid thábhachtach de Rialú Corparáideach foriomlán na Gníomhaireachta í Iniúchóireacht Inmheánach. Leis an Iniúchóireacht Inmheánach, déantar córais, na gnáthaimh a bhaineann leo agus rialuithe a thástáil agus déantar tuairiscí faoina éifeachtaí atá siad. Fuair an Ghníomhaireacht rátáil 'sásúil' in 2020.



FHOIREANN





FOIREANN

Is struchtúr ceithre Stiúrthóireacht atá i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht (Forbairt, Dobharshaothrú agus Sliogiascaigh, Caomhnóireacht agus Cosaint, agus Seirbhísí Corparáideacha). Tá croífhoireann bhuan fhaofa de 53 duine ann faoi láthair.

uan fhaofa de 53 duine ann faoi láthair. Cairt Eagraíochtúil na Bainistíochta Sinsearaí amhail 31 Nollaig 2020







Factrie fur Loughs

FORBAIRT FOIRNE

Aithníonn an Ghníomhaireacht an tábhacht atá le forbairt foirne agus le tionscnaimh forbartha pearsanta leanúnaí do gach ball foirne. Le linn na bliana, chuaigh an Ghníomhaireacht i ngleic le riachtanais oiliúna agus forbartha na foirne, ag díriú ar choinneáil eolais agus scileanna agus ar spreagadh na foirne, curtha in oiriúint le go dtiocfadh leis an Ghníomhaireacht a cuspóirí a bhaint amach agus le go bhféadfadh baill foirne aonair a riachtanais féin a chomhlíonadh.

Láimhseáil Gearán

Tá gnáthamh ag an Ghníomhaireacht le gearáin a láimhseáil. Tá teacht air ar https://www.loughs-agency.org/customer-service Fuarthas gearán amháin in 2020, agus réitíodh go sásúil é.



FREAGAIRT AR COVID-19



FREAGAIRT AR COVID-19

Bhí Gníomhaireacht na Lochanna tiomanta i gcónaí i rith na paindéime COVID-19 timpeallacht shábháilte, shláintiúil a chur ar fáil d'fhostaithe, do pháirtithe leasmhara agus don phobal agus a chinntiú san am céanna go raibh a cuid gnó ag dul ar aghaidh go leanúnach.

Ní raibh cead isteach ag an phobal inár n-oifigí ná in Ionad Cuartaíochta Riverwatch, agus d'aistrigh baill foirne oifige ón oifig go dtí an baile de réir chomhairle an rialtais i mí Mhárta 2020. D'éirigh leis na foirne uile riaracháin, teicniúla agus gairmiúla obair go leanúnach, go rathúil agus go sábháilte ón bhaile.

Chuir an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí plean freargartha ar COVID-19 i bhfeidhm, a raibh réimse cleachtais shlána oibre mar chuid de, agus rinne siad athbhreithniú agus uasdátú air.


Tionscnaíodh treoirlínte agus pleananna

Aistríodh na cruinnithe uile inmheánacha agus seachtracha go hardán fíorúil agus leanadh lena n-eagrú de réir threoirlínte an rialtais.

D'fhill an fhoireann Cosanta Iascach ar a ndualgais iomlána oibríochtúla ar an 18 Bealtaine 2020 i ndiaidh na chéad tréimhse de shrianta dianghlasála i mí an Mhárta 2020. Mhol baill foirne eolaíochta agus tionscnamh suirbhéanna eolaíochta a dhéanamh le go bhféadfaí ár ndualgais reachtúla a chomhlíonadh. Mar chuid den fhilleadh ar an obair, tugadh isteach gnáthaimh ábhartha, ionduchtú agus dearbhú sláinte. Rinneadh athbhreithniú ar ghnáthaimh shábháilte oibríochtúla d'fhonn a bheith ag teacht leis an chomhairle sláinte phoiblí.

Tá súil againn gur féidir leis an Ghníomhaireacht filleadh ar thimpeallacht na hoifige in 2021 nuair a bheidh srianta an rialtais scaoilte.

Mar gheall ar a rathúla atá obair ón bhaile, breithneoidh Foireann Bhainistíochta Sinsearaí na Gníomhaireachta samhail hibrideach oibre a éascaíonn meascán den obair sa bhaile agus san oifig, agus déanfar monatóireacht leanúnach ar chomhairle sláinte phoiblí agus déanfar dá réir.



PRÍOMHÉACHTAÍ IN 2020



PRÍOMHÉACHTAÍ IN 2020

Forfheidhmiú

In ainneoin srianta COVID-19, leanadh le gníomhaíochtaí mídhleathacha iascaireachta in 2020; bhí líontóireacht mhídhleathach bradán ann chomh maith le cionta éagsúla slatiascaireachta.

Tá an Ghníomhaireacht buíoch as an tacaíocht ó Sheirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann agus ón Gharda Síochána.

Urghabháil

	2016	2017	2018	2019	2020
Báid agus Gluaisteáin	8	3	1	2	7
Líonta	49	78	41	31	37
Eile	20	17	7	8	7
Slait lascaireachta	57	46	42	48	55
Salmanaid	27	27	17	14	75
Éisc Eile	26	4	27	215	15
Málaí Oisrí	4	4	8	1	2

Eachtraí Truaillithe

Le linn 2020 phléigh Gníomhaireacht na Lochanna le méadú ar eachtraí a bhain le truailliú uisce agus tá tús curtha le líon suntasach cásanna ionchúisimh a d'éirigh as na gníomhartha forfheidhmithe seo.

D'fhiosraigh an Ghníomhaireacht 281 eachtra in 2020. Tá nádúr na bhfiosruithe sin ó 2017 go 2020 sonraithe sa ghreille thíos:

	2017	2018	2019	2020
Sceitheadh Dramhaíola Neamh-Thalmhaíochta	14	13	11	24
Talmhaíocht	87	57	82	107
Ceimiceach	4	4	8	4
Truailliú Ar Bith Aimsithe	79	64	60	33
Ola	4	14	17	18
Eile	41	24	54	68
Séarachas	23	12	17	26
Ainmhithe Tite	4	3	2	1

An Mhín Bhog

Ar an 13 Samhain 2020, sciorr achar tuairim is 4.5 heicteár de phortach móna in aice le suíomh forbartha feirme gaoithe i gContae Dhún na nGall isteach i sruthán friothálach agus as sin isteach sa Mhorn Bheag. Ba dhoiligh toilleadh an ábhair a mheas, ach is dócha go raibh na céadta tonna i gceist.

Tá an eachtra go fóill á fiosrú ag Gníomhaireacht na Lochanna, Gníomhaíreacht Chomhshaoil Thuaisceart Éireann, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Comhairle Chontae Dhún na nGall agus Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin.

Thug an tAire Edwin Poots CTR ó RTCGT agus an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalouge TD, cuairt ar an Mhín Bhog i gContae Dhún na nGall ar an 20 Samhain 2020. Thug an tAire Poots cuairt ar Fheirm Éisc an Chorrdhoire chomh maith, a raibh tionchar tromchúiseach ag an eachtra thruaillithe uirthi.

Tá an Mhorn Bheag agus Abhainn na Deirge mar chuid d'abhainnchóras mór a théann isteach san Fheabhal agus as sin go Loch Feabhail. Tá an t-abhainnchóras seo tábhachtach do na speicis atá istigh ann agus a dtacaíonn sé leo, go háirithe bradáin Atlantaigh agus speicis de loimprí agus de mhadaidh uisce; tá tábhacht leis chomh maith mar gheall ar an réimse abhainnghnáthóg agus eile, gnáthóga coille mar shampla, a bhaineann leis.

Tá an t-abhainnchóras cosanta mar Limistéar Speisialta Spéise Eolaíochta agus tá sé aitheanta chomh maith mar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta. Ní féidir faoi láthair a rá go fóill cad é méid an tionchair a bhí ag an sciorradh talún ar stádas caomhnóireachta an abhainnchórais; mar sin féin, tá an fhoireann ag obair go leanúnach le comhfhreagairt a bhunú d'fhonn luathghníomhartha athchóirithe a chur i gcrích.

Tá dhá Ghrúpa Oibre Idir-Ghníomhaireachta bunaithe: ceann a bhaineann le forfheidhmiú agus ceann eile a bhaineann le hathchóiriú. Tá na grúpaí ag teacht le chéile uair sa tseachtain faoi láthair leis an eachtra a choinneáil faoi athbhreithniú de réir mar atá cúrsaí ag forbairt. Tá Gníomhaireacht na Lochanna mar Chathaoirleach ar na grúpaí seo agus is iad seo

a leanas na baill eile:

- Comhairle Chontae Dhún na nGall (Forfheidhmiú Pleanála, an Rannóg Chomhshaoil agus Innealtóirí).
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (Bitheolaithe agus Baill Foirne Treorach Dliteanais).
- An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.
- Gníomhaireacht Chomhshaoil Thuaisceart Éireann (Treoir Dliteanas Comhshaoil, Cáilíocht Uisce agus Ainmniú Nádúrtha).
- Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin.
- Uisce Thuaisceart Éireann (Baill Foirne Cóireála Uisce).

Clár Eolaíochta Monatóireachta lascach

Tá bainistíocht Ghníomhaireacht na Lochanna ar iascaigh bradán ceaptha sa dóigh go mbíonn sé ag teacht le bunphrionsabail an Eagrais um Chaomhnú Bradáin Atlantaigh Thuaidh. Is é is cuspóir leis na prionsabail agus cuspóirí seo éagsúlacht agus líonmhaireacht na stoc bradán a chur chun cinn agus na stoic uile a choinneáil os cionn na srianta caomhnóireachta a bhaineann leo.

Tá laghdú tagtha ar líon na mbradán ar fud an domhain. Sna 1980idí, d'fhilleadh tuairim is 30 brainlín ar an chósta as gach 100 brainlín a d'fhág na haibhneacha. Sa lá atá inniu ann ní thagann ach tuairim is 5 bhrainlín ar ais, rud a thugann le fios gur 95% an ráta mortlaíochta san fharraige (An Bhuais, Innéacs Aibhneacha ICES).

Le tacaíocht ó na Ranna Coimircíochta, tá infheistíocht shuntasach déanta ag an Ghníomhaireacht in oibríochtaí comhairimh éisc agus i dtomhsairí abhann teiliméadrachta. Is í an Ghníomhaireacht an t-aon eagras ar domhan a bhfuil córas bainistíochta fíor-ama i bhfeidhm aige maidir le bradáin Atlantaigh, le spriocanna inséasúir d'fhonn saothrú a rialú bunaithe ar líon na n-iasc ag trasnú na bpríomhláithreacha comhairimh. Tá seacht dtomhsaire ag oibriú faoi láthair in abhainnchóras an Fheabhail agus Chairlinn agus is tomhsairí reachtúla iad ceithre cinn acu.

Mar fhorbhreathnú ar 2020, díorthaíodh na sonraí a leanas ó na tomhsairí iasc luaite i reachtaíocht:

- Níor baineadh amach an teorainn chaomhnóireachta in abhainn na Finne.
- Bunaithe ar na sonraí ón obair a rinne Ollscoil Ghlaschú ar an chora i Muileann an tSiáin, baineadh amach an teorainn chaomhnóireachta sa Mhorn agus bhí feabhas ann le hais chomhaireamh 2019.
- Baineadh amach an teorainn

- chaomhnóireachta agus an sprioc bhainistíochta san Fhochaine.
- Baineadh amach an teorainn chaomhnóireachta agus an sprioc bhainistíochta in Abhainn na Ró.

	Teorainn Chaomhnóireachta	% Comhlíonta	Sprioc Bhainistíochta	% Comhlíonta	Comhaireamh 2020
An Fhinn	4,328	53	5,410	43	2,302
An Mhorn	6,287	62	7,859	49	3,915
Abhainn na Ró	1,466	396	1,811	495	3,696
An Fhochaine	640	984	800	788	6,300

Dealraíonn sé gur tháinig feabhas ar fhilleadh agus teitheadh na mbradán in 2020 le hais na mblianta roimhe sin i bhformhór na n-aibhneacha; mar sin féin, tá an Fhinn ina hábhar mór imní. Siocair nár baineadh amach an teorainn chaomhnóireachta san Fhinn in 2019, rinneadh Dearbhú go luath in 2020, de bhun Airteagal 3 de Rialacháin Cheantar an Fheabhail (Rialú Iascaireachta), 2010, de bhun Chuid 13(1) de Acht Iascaigh an Fheabhail, 1952, agus de bhun Chuid 13 (1) de Acht Iascaigh an Fheabhail (Tuaisceart Éireann) 1952.

Leis an Dearbhú sin, cuireadh líontóireacht ar fionraí san Fheabhal, i Loch Feabhail agus sa cheantar chun farraige i Loch Feabhail agus cuireadh srianta ar an tslatiascaireacht san Fhinn: is ar bhonn gabhála agus scaoilte amháin a ceadaíodh slatiascaireacht san Fhinn le linn shéasúr iomlán 2020.

Achoimre ar Chomhaireamh na nIasc 2016 - 2020

	2016	2017	2018	2019	2020
An Fhinn	2,589	1,985	3,955	4,247	2,302
An Mhorn	1,350	912	1,214	2,820	3,915
Abhainn na Ró	3,809	2,371	4,305	1,573	3,696
An Fhochaine	3,791	1,763	1,046	3,976	6,300

Gnáthóga Salmainide

Rinne an Ghníomhaireacht oibreacha suntasacha ar ghnáthóga in 2020, lenar áiríodh: fálú bruachánach; scéimeanna cur plandaí le cosc a chur ar chúngach ar ghnáthóga agus ar shatailt gnáthóg ag beostoc; forbairt struchtúir ghnáthóige salmainide ionsrutha, agus scéimeanna rialaithe creimthe le gnáthóga salmainide nuaghinte a chosaint.

Éireoidh le hoibreacha ionsrutha críochnaithe sa chás amháin ina gcosnaítear iad ar dhamáiste comhshaoil agus truailliú uisce. Lean foireann Ghníomhaireacht na Lochanna ar aghaidh ag díriú ar chosaint gnáthóga na n-iasc nuaghinte i gcaitheamh 2020.

Tionscadail Feabhsúcháin Limistéar Speisialta Caomhnaithe na Fochaine

I gcomhpháirtíocht le hIontaobhas Coillte Thuaisceart Éireann agus Uisce Thuaisceart Éireann, tá tionscadail cur crann dúchasach curtha i gcrích ag an Ghníomhaireacht, lena n-áirítear fálú le beostoc a choinneáil amach agus rochtain níos fearr ar an Fhochaine a chur ar fáil.

Tá na céad choillte fliucha de chuid na Gníomhaireachta forbartha i ngort 4.8 acra feadh bhruach na Fochaine, i gcomhar agus i gcomhaontú le húinéir na talún. San áireamh sna coillte fliucha tá tógáil roinnt dambaí agus linnte ligeacha agus talamh taobh leo, ar a bhfuil 2,000 crann dúchasach curtha, rud a fheabhsóidh cáilíocht an uisce, a sholáthróidh tearmainn nua don fhiadhúlra agus a ligfidh d'fheirmeoirí agus úinéirí talún obair go gníomhach le nascanna a dhéanamh idir an bhithéagsúlacht agus gnóthachtáil ghnó.

Tionscadal Cosanta Tuilte Ghleann Aichle

I gcaitheamh 2020, lean an Ghníomhaireacht le bearta bainistíochta iascach a chur chun cinn i nGleann Aichle, sna sála ar an tuile i mí Lúnasa 2017. D'eagraigh an Rannóg Seachadta Tógála agus Soláthair sa Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann próiseas tairisceana, agus bronnadh conradh trí phróiseas Measúnú Dinimiciúil Tairiscintí na Rannóige sin. Caitheamh formhór an mhaoinithe £500,000 a fuarthas ó RTCGT idir 2018 agus 2020 go príomha ar fhálú bruachánach agus tá 118 geata rochtana tógtha feadh Abhainn Choilleadh agus Abhainn Ghleann Aichle. Tá roinnt scéimeanna sraodbhalla ar an bhruach curtha i gcrích chomh maith. In 2021 caithfear an chuid sin den bhuiséad atá gan chaitheamh ar oibreacha sraodbhalla carraige déanta le bolláin chruinne ar an Abhainn Riabhach. Tá Gníomhaireacht na Lochanna ag leanúint le monatóireacht ar na haibhneacha uile sna ceantair sin ina mbíonn tuilte agus le hathchóiriú gnáthóg díghrádaithe, agus ag íoc as ón bhuiséad Caomhnóireachta agus Cosanta, de réir mar is cuí.

lascach Oisrí Dúchasacha Loch Feabhail

Druideadh iascach 2019/20 ar an 23ú Márta 2020. 48,628kg an méid a gabhadh sa deireadh.

Osclaíodh iascach oisrí dúchasacha 2020/21 ar an 6 Deireadh Fómhair 2020. Díoladh 39 ceadúnas san iomlán. Bhí an t-iascach druidte i mí na Samhna 2020 agus athosclaíodh é ar feadh 6 lá i mí na Nollag 2020.

De réir na logleabhar a fuarthas ar ais roimh dheireadh mhí na Nollag 2020, 32,732kg an méid iomlán a gabhadh.

Séasúr	Líon na gCeadúnas Díolta	Líon na Laethanta Iascaireachta	Méid Iomlán Tugtha i dTír (t)
(t)	57	33	185
2017/18	55	17	205
2018/19	79	14	119
2019/20	40	32	48
2020/21	39	14*	33*

^{*} amhail Nollaig 2020

Measúnú ar Stoic Oisrí Dúchasacha

Rinneadh measúnú ar stoic oisrí dúchasacha ó Aibreán go Bealtaine (iar-iascach) agus ó Lúnasa go Meán Fómhair 2020 (réamhiascach). Fuarthas sa dá shuirbhé go raibh mortlaíocht mar a bhíonn de ghnáth. Measadh gur 378 tonna bithmhais iomlán an stoic san earrach agus gur 1,055 tonna an bhithmhais san fhómhar. Glacadh leis gurbh é leibhéal maith maireachtála agus fáis sa chohórt mór oisrí, ar lonnaigh líon mór acu i samhradh 2018, ba chúis leis an mhéadú mór ar an bhithmhais in 2020. Tá formhór an chohórt oisrí sin sa chatagóir méide 45-65mm anois.

De réir na fianaise, bhí leibhéal socraithe agus ceangailte na ndébhlaoscach óg leis an tsubstráit íseal go leor i samhradh 2020: fuarthas débhlaoscaigh óga le dlúithe débhlaoscach 0.12m2 in 21% de na stáisiúin ar glacadh samplaí uathu. Measadh gur 69 tonna an tonnáiste iomlán a bhféadfaí iascaireacht a dhéanamh air i bhfómhar 2020. Moladh gan ach cuid den stoc arbh fhéidir iascaireacht a dhéanamh air a bhaint ar shiúl mar iarracht le bithmhais éifeachtach den stoc sceite a choinneáil san iascach.

Bliain	Suirbhé	Bithmhais Iomlán	Bithmhais (réamh- mheasta) Arbh Fhéidir Iascaireacht a Dhéanamh air Earrach >70mm	Bithmhais Iomlán Arbh Fhéidir Iascaireacht a Dhéanamh air Fómhar >80mm
2016	Earrach	366	155	
2010	Fómhar	616	-	174
2017	Earrach	438	248	
	Fómhar	684		315
2018	Earrach	509	372	0.40
	Fómhar	724		269
2019	Earrach	504	329	117
	Fómhar	479		116
2020	Earrach	378	66	
2020	Fómhar	1,055		69



Measúnú ar Larbhaí Oisrí Dúchasacha

Rinneadh monatóireacht ar láithreacht Iarbhaí débhlaoscach in iascach oisrí dúchasacha Loch Feabhail i samhradh 2020 den deichiú bliain as a chéile. Is idir Meitheamh agus Meán Fómhair 2020 a rinneadh an mhonatóireacht, agus rinneadh sampláil i dtaca le planctón agus paraiméadair chomhshaoil ar bhonn seachtainiúil i gcúig bheirtreach suas go dtí an 1ú Meán Fómhair 2020.

Bhí meánteocht an uisce (16.4° C ± 1.99) agus an mheánsalandacht (30.8 psu ± 1.49) rud beag níos airde ná mar a bhí in 2019, agus is ríbheag an t-éagsúlú a bhí ann i measc na mbeirtreach. Ba é 18.5° C ± 0.27 i Seachtain 9 (an 18ú Lúnasa 2020) an bhuaic ó thaobh meánteocht an uisce i ngach suíomh.

Bhí beagnach leath na Iarbhaí débhlaoscach (27,666/m2) ann ó thaobh a mbuaiclíon meánach le hais 2019, rud a thugann le fios gur lú toradh an atáirgthe sa tréimhse samplála. Fuarthas buaiclíon Iarbhaí sa tseachtain chéanna i lár mhí Lúnasa agus a fuarthas i suirbhé 2019. Maidir le socrú débhlaoscach óg, dealraíonn sé go raibh sé sin teoranta do roinnt bheag beirtreach ina raibh an dlúithe is airde de dhébhlaoscaigh fásta.

Suirbhéireacht ar Dhobharshaothrú Neamhrialaithe

Bhí gníomhaíocht neamhrialaithe ina cúis imní leanúnach don Ghníomhaireacht in 2020. Le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht mhéadaitheach, rinne an Ghníomhaireacht suirbhéireacht le drón ón aer ar eagair tristéil oisrí an Aigéin Chiúin i mí Mheán Fómhair 2020. Bunaithe ar an eolas a fuarthas, rinneadh meastachán maidir le líon na dtristéal a bhí ann agus cláraíodh suíomh na n-eagar. Measadh gur 74,095 líon iomlán na dtristéal agus gur chludaigh siad achar 210 heicteár. Is ionann é sin agus méadú 8.1% ar líon na dtristéal le hais 2019. Clúdaíonn na tristéil oisrí tuairim is 34% den limistéar iomlán idirthaoideach ón Chúil Mhór go Bun an Phobail i Loch Feabhail.

Leanfaidh an Ghníomhaireacht le monatóireacht ar fhás na gníomhaíochta neamhrialaithe seo in 2021.

Trialacha Fáis Oisrí Dúchasacha in 2020

Cuireadh tús le turgnaimh a bhain le fás trialach i dtrí bheirtreach oisrí i mí Eanáir 2020 agus leanadh leo i rith na bliana. Clibeáladh tuairim is 150 oisre agus cuireadh iad i bpotaí gliomaigh a bhí leasaithe go speisialta agus a raibh boscaí fáis oisrí Ortac curtha isteach iontu. Ar an drochuair, cláraíodh leibhéil mhortlaíochta measartha ard le linn na dtrialacha fáis agus chuir srianta na paindéime COVID-19 isteach ar thomhas rialta an fháis.

Ba é 5-17mm an fás meánach i gcás na n-oisrí ar cláraíodh sonraí ina leith sa tréimhse a bhí i gceist. Cláraíodh treochtaí teocht an uisce gach uair an chloig mar chuid de na turgnaimh seo, agus baineadh úsáid as na sonraí sin sa mheasúnú monatóireachta ar larbhaí débhlaoscacha.

Slatiascaireacht agus Turasóireacht Mhuirí

I ndiaidh gur athosclaíodh an tslatiascaireacht agus gníomhaíochtaí eile bunaithe ar thurasóireacht mhuirí i ráithe 2 in 2020, chonacthas don Ghníomhaireacht gur tháinig méadú ar an éileamh ar ghníomhaíochtaí taobh amuigh, tiomáinte ag an mhargadh intíre saoire sa bhaile agus ag an ghá le gníomhaíochtaí taobh amuigh a bhí ag teacht le treoirlínte an rialtais.

Bhí na gníomhaíochtaí seo go maith do shláinte agus follaine daoine agus san am céanna, chuir siad le gníomhaíocht eacnamaíochta. Thug soláthróirí a bhí ann cheana féin seirbhísí nua éagsúla isteach agus osclaíodh fiontair nua áineasa agus turasóireachta ar fud cheantair an Fheabhail agus Chairlinn.

Leanfaidh an Ghníomhaireacht leis an obair i gcomhar leis na hearnálacha slatiascaireachta agus turasóireachta muirí d'fhonn cuidiú le forbairt agus cur chun cinn maidir le cur chuige inbhuanaithe i dtaca le heispéiris iontacha taobh amuigh a sholáthar.

Margaíocht agus Poiblíocht

Baintear úsáid as cuntais na Gníomhaireachta ar na meáin shóisialta, a bhfuil 10,000 leantóir acu, lena thaispeáint, trí fhíseáin agus grianghraif shuntasacha de ghnáth, cad é atá ar fáil do dhaoine áitiúla agus do chuairteoirí sna dobharcheantair.

In 2020, craoladh ábhar faoin Ghníomhaireacht ar an nuacht teilifíse agus raidió agus i sraitheanna amhail 'Lough Foyle' le Joe Mahon. I gcomhpháirtíocht le Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin, thacaigh an Ghníomhaireacht le forbairt tionscadal feabhsúcháin rochtana trasteorann, maoinithe trí chlár LEADER an Aontais Eorpaigh. Bhí oibreacha ar Chanáil an tSratha Báin agus Cé Uí Ghribín san áireamh agus chuir siad ar a gcumas do dhaoine áitiúla agus do chuairteoirí taitneamh a bhaint as an tuath agus meas a bheith acu ar an áilleacht agus ar na sócmhainní nádúrtha agus cultúrtha feadh aibhneacha agus cóstaí.

Oifig ar an Ómaigh


Le linn 2020 lean an Ghníomhaireacht le hinfheistiú in áiseanna oibríochtúla. Cuireadh moill ar thógáil oifige réigiúnaí nua in áit an tseanchinn ar an Ómaigh mar gheall ar shrianta COVID-19, agus meastar anois go bhfaighidh an Ghníomhaireacht seilbh ar an oifig nua i lár 2021. Is forbairt shuntasach é seo a mbeidh tábhacht straitéiseach leis don Ghníomhaireacht. Mar gheall ar an áit lárnach ina bhfuil an oifig suite, beidh páirtithe leasmhara agus an pobal in ann seirbhísí a fháil agus teagmháil a dhéanamh le baill foirne Cosanta Iascach. Tá seomra mór ann ar féidir imeachtaí a eagrú ann agus beidh an Ghníomhaireacht in ann cruinnithe Boird agus cruinnithe eile straitéise a eagrú ann.

An tAistriú Cóir

Mar gheall ar na dualgais atá uirthi, is próiseas uile-eagrais don Ghníomhaireacht é An tAistriú Cóir a chur i bhfeidhm. Baineann sé le: laghdú ar astuithe a phleanáil; inbhuanaitheacht fuinnimh a chur chun cinn; sócmhainní a chosaint agus a chinntiú go seasfaidh siad an aimsir; comhoibriú le páirtithe leasmhara, agus tacaíocht do theacht aniar san fhoireann, d'fhorbairt scileanna agus do dheiseanna nua gairme.

D'fhonn na spriocanna sin a bhaint amach, cheannaigh an Ghníomhaireacht feithicil leictreach in 2020 den chéad uair agus tá cláir phíolótacha a mbaineann riosca íseal leo i bhfeidhm chomh maith faoi láthair, e.g. forbairt Intleachta Saorga maidir le bailíochtú sonraí ó thomhsairí iasc.

eagraíocht a céad fheithicil leictreach agus tá sí ag glacadh le cláir phíolótacha íseal-riosca faoi láthair, m.sh. forbairt na hIntleachta Saorga maidir le bailíochtú na sonraí ón áiritheoir iasc.



CLÁIR ATÁ MAOINITHE GO SEACHTRACH



CLÁIR ATÁ MAOINITHE GO SEACHTRACH

In 2020, lean an Ghníomhaireacht le cláir maoinithe ag an AE: bhí sí mar Cheannpháirtí in SeaMonitor agus mar chomhpháirtí sna tionscadail CatchmentCARE agus SWELL.

SeaMonitor – €4.7m maoinithe ag an AE ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le cistiú meaitseála ó Ranna Rialtais Thuaidh agus Theas.

Is Tionscadal Taighde uathúil muirí é SeaMonitor, nach ndearnadh a leithéid riamh cheana san Eoraip, ina ndéantar staidéar ar na farraigí timpeall na hÉireann agus Iarthar Alban. Is é is aidhm leis an Tionscadal dul i ngleic le trí Tháscaire um Aschuir an Chláir agus cuspóir INTERREG VA a fhíorú, mar atá inniúlacht trasteorann a fhorbairt i dtaca le monatóireacht agus bainistíocht ar cheantair agus speicis chosanta mhuirí.

Tá naonúr comhpháirtithe sa Tionscadal seo: tá comhpháirtithe maoinithe ann atá suite i dTuaisceart Éireann, i bPoblacht na hÉireann agus in Albain, agus tá comhpháirtithe neamh-mhaoinithe i gCeanada agus sna Stáit Aontaithe. Tá Gníomhaireacht na Lochanna mar Cheann-Pháirtí ar an Tionscadal agus tá tacaíocht aici ó ocht bpríomhinstitiúid taighde muirí a úsáideann teicneolaíocht nuálach rianaithe speiceas le tuiscint níos fearr a fháil ar ainmhnithe agus plandaí muirí sna haigéin agus lena gcosaint. Is iad seo a leanas na Páirtíthe Tionscadail: Ollscoil na Ríona, Béal Feirste: Ollscoil Ghlaschú: Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo, Foras na Mara, an Institiúid Agraibhia agus Eolaíochtaí Bitheacha, an Líonra Rianaithe Aigéan, Ollscoil Dalhousie, Ceanada, agus Coláiste Ollscoile Davis, California.

In 2020 earcaíodh baill foirne SeaMonitor agus

in ainneoin na srianta mar gheall ar COVID-19, rinneadh méid áirithe oibre allamuigh agus bailíodh sonraí úsáideacha. Tá pacáistí oibre agus pleananna athbhreithnithe comhaontaithe maidir le 2021. In 2021 beidh eagair theiliméadrachta in úsáid go hiomlán agus beidh clibeáil ainmhithe i bhfeidhm ar fud na comhpháirtíochta.

CatchmentCARE – €13,792,432 maoinithe ag an AE ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le cistiú meaitseála ó Ranna Rialtais Thuaidh agus Theas.

Is Tionscadal maoinithe ag an AE é
CatchmentCARE arb é is aidhm leis cáilíocht
an úruisce in abhantracha trasteorann i dtrí
dhobharcheantar trasteorann a fheabhsú.
Bainfear aidhmeanna an tionscadail amach trí
thrí thionscadal feabhasaithe cáilíocht an uisce a
fhorbairt i ndobharcheantair na Finne, na hAibhne
Móire agus an Arney, agus trí 50 poll tóraíochta a
shuiteáil ar fud an réigiúin.

Is saibhir agus is ilghnéitheach na sainscileanna atá sna heagrais sin atá ag obair ar Thionscadal CatchmentCARE, mar atá údaráis áitiúla – Comhairle Chontae Dhún na nGall (arb í an Ceann-Pháirtí í), Comhairle Chathair Ard Mhacha, Dhroichead na Banna agus Craigavon – atá ag obair le lucht acadúil ó Ollscoil Uladh, agus Gníomhaireacht na Lochanna, an Institiúid Agraibhia agus Eolaíochtaí Bitheacha, Suirbhéireacht Gheolaíochta na Breataine, Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus Iascaigh Intíre na hÉireann.

In 2020, d'aithin Gníomhaireacht na Lochanna fad 267km ina bhféadfaí fálú bruachánach, cur plandaí agus oibreacha ionsrutha a dhéanamh agus scóráil sí na háiteanna éagsúla sa limistéar. Cuireadh tús le fálú bruachánach agus oibreacha ionsrutha ar an chéad suíomh in 2020. Áirítear leis na hoibreacha sin: suiteáil dhá réiteach innealtóireachta glaise ionsrutha; fad 1.8km d'fhálú d'fhonn crios maolánach bruachánach a chruthú, agus suiteáil réitigh uisce óil as líne do bheostoc.

SWELL – €35m maoinithe ag an AE ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le cistiú meaitseála ó Ranna Rialtais Thuaidh agus Theas.

Is comhpháirtíocht trasteorann atá i gceist le SWELL (Feabhsú Comhuiscí agus Oidhreacht Lochanna) ina bhfuil Uisce Thuaisceart Éireann, Uisce Éireann, an Institiúid Agraibhia agus Eolaíochtaí Bitheacha, Gníomhaireacht na Lochanna agus Réigiún na Teorann Thoir páirteach, iad uile ag obair i gcomhar lena chéile le cáilíocht an uisce i gcomhuiscí Loch Cairlinn agus Loch Feabhail a fheabhsú.

Beidh an cleachtas is fearr, nuálacht agus malartú eolais mar bhunús le hobair na comhpháirtíochta d'fhonn aschuir agus torthaí Chlár INTERREG VA a bhaint amach go héifeachtúil. Trí scoth na hinnealtóireachta, fiosrú straitéiseach ar dhobharcheantair agus samhaltú, is uasgráduithe inbhuanaithe ar shócmhainní dramhuisce ar dhá thaobh na teorann an toradh an bheidh le SWELL agus cuirfidh sé ar bhealach dearfach leis na hiarrachtaí 'Stádas Maith Éiceolaíochta' a bhaint amach de réir Chreat-treorach Uisce an AE.

In 2020 chuidigh Gníomhaireacht na Lochanna leis an Institiúid Agraibhia agus Eolaíochtaí Bitheacha réamhshuirbhéanna bonnlíne a dhéanamh maidir leis na hoibreacha feabhsúcháin ar shamhlacha dobharcheantair i ndobharcheantair an Fheabhail agus Chairlinn (muirí agus úruisce). Cuireadh na suirbhéanna i gcrích i Márta 2020. Chuidigh Gníomhaireacht na Lochanna leis an Institiúid Agraibhia agus Eolaíochtaí Bitheacha sonraí báistí agus sruthaithe a bhailiú le linn imeachtaí báistí foircní mar chuid den Suirbhé Frithghníomhach Báistí. Leis na sonraí sin, múnlófar an dóigh a n-oibríonn an tsamhail le linn tréimhsí báistí foircní. Is féidir an tsamhail a úsáid ansin lena réamhinsint cén dóigh a n-oibreoidh na pleananna cóireála dramhuisce agus sceitheadh dramhuisce nuair a bhíonn báisteach fhoircneach ann.

TUARASCÁIL LUACH SAOTHAIR



An Polasaí Luach Saothair

Pléann an Polasaí Luach Saothair le luach saothair ar bhonn uile-eagrais agus tá sé ar cheann de na príomhghnéithe den Straitéis Acmhainní Daonna – is dlúthchuid den straitéis fhoriomlán ghnó iad an dá rud. Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Pholasaí Luach Saothair:

- a bheith mar thaca le straitéis Ghníomhaireacht na Lochanna trí cur leis na hiarrachtaí gnó iomaíoch, nuálach a thógáil a mheallann, a choinníonn agus a spreagann fostaithe;
- baint amach cuspóirí straitéiseacha a chur chun cinn de réir theorainn riosca na Gníomhaireachta;
- orthaí dearfacha a chur chun cinn / tacú lena mbaint amach sa chomhthéacs eacnamaíochta agus sóisialta ina n-oibríonn an Ghníomhaireacht; agus
- cultúr eiticiúil agus saoránacht chorparáideach fhreagrach a chur chun cinn.

Fealsúnacht agus Príomhphrionsabail maidir le Luach Saothair

Fealsúnacht i dtaca le Luach Saothair Is é fealsúnacht na Gníomhaireachta i dtaca le luach saothair fostaithe a chreideann sa chultúr agus sna luachanna againn, agus a chaitheann a saol dá réir, a earcú agus a spreagadh, aitheantas a thabhairt dóibh agus iad a choinneáil. Déanaimid ár ndícheall an fhiontraíocht a chur chun cinn trí thimpeallacht oibre a chruthú a spreagann an fhoireann ionas gur féidir le gach fostaí cur le straitéis, fís, spriocanna agus luachanna na Gníomhaireachta ar dhóigh dhearfach. De réir na fealsúnachta atá againn, déanaimid ár ndícheall pacáiste iomlán luach saothair ár bhfostaithe a shocrú ag leibhéal atá iomaíoch. Creidimid go bhfuil rath fadtéarmach na Gníomhaireachta ceangailte go díreach le cáilíocht na bhfostaithe a fhostaímid agus leis an timpeallacht oibre a chruthaímid. Tá sé riachtanach, mar sin, go ndéanaimid iarracht mhór leas ár bhfostaithe a ailíniú le leas ár bpáirtithe leasmhara eile.

Príomhphrionsabail i dtaca le Luach Saothair

Tá Polasaí Luach Saothair na Gníomhaireachta bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

- Tá an Polasaí Luach Saothair ag teacht le straitéis ghnó fhoriomlán, cuspóirí agus luachanna na Gníomhaireachta, gan dochar a dhéanamh do leas na bpáirtithe leasmhara.
- Tá an Polasaí Luach Saothair, gnáthaimh agus cleachtais ag teacht le bainistiú riosca éifeachtach agus tá siad mar thaca leis sin.
- Is ar bhonn luach saothair iomláin a fhaigheann fostaithe atá ar tuarastal a luach saothair; cuimsíonn sé sin luach saothair seasta, athraitheach, gearrthéarmach agus fadtéarmach a bhaineann leis an phost.
- San áireamh sa chuid sheasta (ráthaithe) den luach saothair tá bonntuarastal atá ag teacht le rátaí Státseirbhís Thuaisceart Éireann.
- Féadfaidh sé go bhfuil liúntais eile a bhaineann leis an phost san áireamh sa luach saothair iomlán.

Réimsí den Pholasaí Luach Saothair Raon

Baineann an Polasaí Luach Saothair le gach fostaí buan sa Ghníomhaireacht.

Struchtúr Luach Saothair

Tá na catagóirí/gnéithe seo a leanas mar chuid de struchtúr luach saothair na Gníomhaireachta (Stiúrthóirí san áireamh):

- pacáiste ráthaithe luach saothair (seasta agus ag teacht le gráid agus scálaí pá Státseirbhís Thuaisceart Éireann);
- luach saothair athraitheach (a bhaineann le Cigirí agus Oifigigh Iascach amháin agus a bhíonn ag brath ar líon na n-uaireanta neamhshóisialta a oibrítear);
- liúntas dóibh siúd ar glao-dhualgas (a bhaineann leo siúd atá ar glao-dhualgas maidir le heachtraí a bhaineann le truailliú, póitseáil, slándáil foirgneamh agus leis an bhonneagar TF – seasta agus ag teacht le liúntas glao-dhualgais Státseirbhís Thuaisceart Éireann).

Tá an luach saothair seasta ráthaithe agus íoctar é beag beann ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta; níl an luach saothair athraitheach ráthaithe agus tá sé ceangailte go díreach leis an fhostaí aonair líon áirithe uaireanta neamhshóisialta a chlárú taobh istigh de thréimhse shonraithe ama.

Luach Saothair na Foirne

Baill Foirne Bhuana

Ceaptar baill foirne de réir Pholasaí Earcaíochta agus Roghnaithe na Gníomhaireachta. Éilíonn an Polasaí seo go ndéantar ceapacháin bunaithe ar fhiúntas agus ar chomórtas cothrom, oscailte. Féadfaidh sé go mbeidh baill foirne in ann dul ar scor roimh aois an phinean stáit gan aon laghdú theacht ar shochair phinsin a fuair siad níos luaithe, ag brath ar théarmaí a bpinsin. Tá eolas faoi thréimhsí fógra scoir le fáil i gconradh an fhostaí aonair.

Leibhéil Íosta Pá

Bíonn leibhéil íosta pá ag brath ar an ghrád ar a dtosaíonn duine agus bíonn siad ag teacht le scálaí pá Státseirbhís Thuaisceart Éireann (Tuaisceart Éireann) agus le scálaí pá lascaigh Intíre Éireann (Poblacht na hÉireann).

Dul Chun Cinn

Nuair a cheaptar ar dtús iad, cuirtear baill foirne de ghnáth ar an phointe is ísle ar an scála cuí don phost. Ina dhiaidh sin, téann siad suas an scála uair sa bhliain go hincriminteach ann go dtí go mbaintear an barrphointe amach. De ghnáth, is i mí Lúnasa a tharlaíonn sé seo i gcás ball foirne i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann tarlaíonn sé cothrom an lae a ceapadh an fostaí.

Pá Feidhmíochta

Níl aon phá feidhmíochta ann don fhoireann ná aon scéim ghaolmhar ná a comhionann de scéim.

Baill Foirne Shealadacha

Is féidir leis an Ghníomhaireacht baill foirne shealadacha a cheapadh ar dhá bhealach.

- Trí phróiseas earcaíochta oscailte: déantar an ceapachán de réir Pholasaí Earcaíochta agus Roghnaithe na Gníomhaireachta. Sa chás seo, bíonn leibhéil íosta pá ag brath ar an ghrád ar a dtosaíonn an duine agus bíonn siad ag teacht le scálaí pá Státseirbhís Thuaisceart Éireann (Tuaisceart Éireann) agus le scálaí pá lascaigh Intíre Éireann (Poblacht na hÉireann).
- Trí ghníomhaireacht earcaíochta. Mar chomhlacht poiblí tá ceanglas ar an Ghníomhaireacht seirbhísí a fháil ó Ghníomhaireacht atá sannta sa Phrótacal Úsáideoirí um Oibrithe Gníomhaireachta, ag

brath ar an ról. Beidh sé de dhualgas ar an ghníomhaireacht earcaíochta an folúntas a fhógairt, iarrthóirí fóirsteanacha a aimsiú, CVanna a scagadh, bualadh le hiarrthóirí lena fháil amach an bhfuil siad fóirsteanach don ról, agus CVanna na n-iarrthóirí is fóirsteanaí a thabhairt do Ghníomhaireacht na Lochanna. Is í an ghníomhaireacht earcaíochta a fhostaíonn oibrithe a aimsítear ar an dóigh seo, mar sin is idir an dá pháirtí sin atá an conradh.

Is fearr comórtas oscailte earcaíochta mar rogha, ach roghnófaí bealach na gníomhaireachta earcaíochta i gcás práinneach.

Pacáiste Iomlán Luach Saothair

Tá rochtain ag gach ball foirne ar an Scéim Pinsin Thuaidh/Theas. Bíonn uaireanta éagsúla i gceist leis na conarthaí a bhaineann le poist POFanna (nó a gcomhionann), le poist Stiúrthóirí agus le poist bhuana foirne. Bíonn líon na n-uaireanta sa chonradh ag brath ar nádúr na hoibre a dhéanann an fostaí agus ar aon socruithe sainiúla a dhéantar le gur féidir leis an duine aonair cothromaíocht idir an obair agus an gnáthshaol a bhaint amach. Tá rochtain ag gach ball foirne ar Shaoire Mháithreachais, Saoire Atharthachta agus Saoire Uchtála. Tá fleisc-am ar fáil, ach déantar gach cás aonair a mheas le hais riachtanais ghnó agus is faoi rogha na Gníomhaireachta atá é a cheadú nó gan é a cheadú.

Nuair a cheaptar iad, beidh gach ball foirne i dteideal 25 lá saoire móide an 12 lá saoire reachtúla agus poiblí atá aitheanta ag an earnáil. Is ar bhonn pro rata a shocraítear saoire na mball foirne sealadach de réir mar is cuí.

Conarthaí Seirbhíse

Is ar bhonn fiúntais agus ar bhonn comórtas cothrom, oscailte a dhéantar ceapacháin i nGníomhaireacht na Lochanna. Mura bhfuil a mhalairt ráite, is ar bhonn neamhiata a cheaptar na hoifigigh atá clúdaithe ag an tuairisc seo. I gcás luathfhoircinn, bheadh an duine i dteideal cúiteamh airgid, seachas i gcás mí-iompraíochta.

Teidlíochtaí Tuarastail agus Pinsin

Tá sonraí le fáil thíos faoi luach saothair agus sochair phinsin na mbainisteoirí is sinsearaí sa Ghníomhaireacht.

Luach saothair na Foirne Bainistíochta Sinsearaí, tuarastal agus teidlíochtaí pinsin san áireamh.

	2020			2019	
Bainisteoirí Sinsearacha / Stiúrthóirí	Comhlán	Sochair chomh- chineáil	Comhlán		Sochair chomh- chineáil
	£	£	£		£
Oifigeach Ainmnithe ceaptha ar an 1ú Márta 2017	65,505	-	62,213	-	
Stiúrthóir Forbartha	55,034	-	54,275	-	
Stiúrthóir Caomhnóireachta agus Cosanta	55,764	-	54,575	_	
Stiúrthóir Dobharshaothraithe agus Sliogiascach	66,692	-	63,436	-	
Stiúrthóir Eatramhach Seirbhísí Corparáideacha ceaptha ar an 9ú Bealtaine 2017	54,572	_	52,979	-	
	297,567		287,478	_	

	2020 £	2019 £	
Tuarastal an Stiúrthóra Is Airde Pá amhail 31 Nol*	68,786	63,823	
Luach Saothair Iomlán Meánlíne	28,730	28,167	
Comhréir	2.4	2.3	



	2	2020		2019	
Bainisteoirí Sinsearacha / Stiúrthóirí	Comhlán	Sochair chomh- chineáil	Comhlán	Sochair chomh- chineáil	
	€	€	€	€	
Oifigeach Ainmnithe ceaptha ar an 1ú Márta 2017	73,626	-	70,873	_	
Stiúrthóir Forbartha	61,857	-	61,830	-	
Stiúrthóir Caomhnóireachta agus Cosanta	62,677	-	62,172	-	
Stiúrthóir Dobharshaothraithe agus Sliogiascach	74,960	-	72,266	-	
Stiúrthóir Eatramhach Seirbhísí Corparáideacha ceaptha ar an 9ú Bealtaine 2017	61,337	-	60,354	-	
	334,457	-	327,495	-	

	2020 €	2019 €	
Tuarastal an Stiúrthóra Is Airde Pá amhail 31 Nol*	76,511	75,011	
Luach Saothair Iomlán Meánlíne	32,292	32,088	
Comhréir	2.4	2.3	

^{*}Áirítear i dtuarastail chomhlána na Stiúrthóirí an pá iomlán a fuair siad idir 01/01/20 agus 31/12/20, agus tá ráta an Stiúrthóra ab airde pá bunaithe ar an tuarastal ab airde a íocadh le haon Stiúrthóir ar leith ar an dáta cuntasaíochta, 31/12/20 – ní hionann an dá rud mar thoradh ar íocaíochtaí agus incrimintí bliantúla a íocadh sa bhliain.



Tuarastal

Áirítear sa tuarastal, tuarastal comhlán móide liúntas 'ar glao-dhualgas' do bheirt de na Stiúrthóirí. Níl aon luach saothair eile iníoctha le Stiúrthóirí.

Bónais

Ní íocann an Ghníomhaireacht bónais le haon Bhainisteoir Sinsearach ná le haon bhall foirne.

Sochair Chomhchineáil

Clúdaíonn luach airgeadaíoch sochair chomhchineáil aon sochar curtha ar fáil ag an fhostóir a gcaitheann HM Revenue and Customs leis mar luach saothair inchánach. Ní bhfuair aon bhall den Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí sochar comhchineáil in 2020 ná in 2019.

Pá Cothrom (Eolas Iniúchta)

Tá ceangal ar chomhlachtaí tuairiscithe an ghaolmhaireacht idir luach saothair an Stiúrthóra is airde pá san eagras agus luach saothair meánlíne lucht oibre an eagrais a nochtadh.

Ba é £59,932 go £73,069 / €66,663 go €81,275 (2019, £55,608 go £67,796 / €65,356 go €79,681) luach saothair bandáilte an Stiúrthóra ab airde pá sa Ghníomhaireacht sa bhliain airgeadais 2020. 2.4 an chomhréir in 2020 (2.3 in 2019). Ba é £28,730 / €32,292 (2019 £28,167 / €32,088) luach saothair meánlíne an lucht oibre.

Ní bhfuair aon fhostaí luach saothair a bhí níos airde ná luach saothair an Stiúrthóra ab airde pá i gceachtar den dá bhliain. Ba é £19,425 go £68,786 / €21,607 go €76,511 in 2020 (2019 £18,513 go £63,823 / €21,758 go €75,011) an raon luach saothair.

Áirítear le luach saothair iomlán tuarastal comhlán. Tá na háirimh seo bunaithe ar Threoir do Chomhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas 2017 agus áirítear iad bunaithe ar luach saothair bliantúlaithe cóibhéise lánaimseartha gach ball foirne amhail an dáta tuairiscithe.

Is é achtúire neamhspleách na Scéime Pinsin Thuaidh/Theas, Deloitte Total Reward and Benefits Limited, a chuir an greille thuas ar fáil.

Níl Luachanna Aistrithe Cóibhéis Airgid Thirim ("LACATanna") ráthaithe agus is ar chúiseanna léirithe amháin atá siad á dtaispeáint anseo.

Ríomhadh LACATanna bunaithe ar mheastacháin i dtaca le sochair réamh-mheasta pinsin amhail 31 Nollaig 2019 agus 31 Nollaig 2020.

Maidir le baill atá thar an Ghnáthaois Scoir, níl aon fhachtóirí LACAT foilsithe ar fáil. Ina leithéid de chás, ríomhadh fachtóir measta trí eachtarshuí.

Maidir le sochair Alpha, tá na figiúirí i dtaca le pinsean fabhraithe bunaithe ar an bhonn tuisceana go bhfuil an tuarastal atá curtha ar fáil ag an Chomhlacht comhionann le Tuilleamh Iarbhír Inphinsin sa tréimhse bhliana suas go 31 Márta 2020.

^{*}Sochair thuarastal deiridh amháin

^{**}Sochair thuarastal deiridh agus sochair alpha

Sochair Phinsin Teidlíochtaí Pinsin

	Pinsean fabhraithe ag aois an phinsin amhail 31/12/2020 agus an chnapshuim ghaolmhar	Pinsean fabhraithe ag aois an phinsin amhail 31/12/2020 gus an chnapshuim ghaolmhar	Fíormhéadú ar an phinsean agus ar an chnapshuim ghaolmhar ag aois an phinsin	ormhéadú ar an hinsean agus ar an chnapshuim aolmhar ag aois an phinsin	LACAT 31/12/19	LACAT 31/12/2020	Fíormhéadú LACAT	Luach na sochar pinsin 2019	Luach na sochar pinsin 20 20
Bainisteoir Sinsearach	Pinsean	Cnapshuim	Pinsean	Cnapshuim					
Oifigeach Ainmnithe **	£18,000	£18,000 £36,000	£2,000	£2,000	£300,000	£338,000	£38,000	£41,000	£42,000
Stiúrthóir Forbartha **	£12,000	£16,000	£1,000	£1,000	£148,000	£170,000	£22,000	£40,000	£21,000
Stiúrthóir Caomhnóireachta agus Cosanta *	£23,000	£23,000 £68,000	£1,000	£3,000	£517,000	£529,000	£12,000	£22,000	£23,000
Stiúrthóir Dobharshaothraithe agus Sliogiascach **	£20,000	£36,000	£3,000	£5,000	£244,000	£301,000	£57,000	£19,000	£65,000
Stiúrthóir Eatramhach Seirbhísí Corparáideacha**	£8,000	£4,000	£2,000	ξO	£65,000	£80,000	£15,000	£20,000	£40,000

	Pinsean fabhraithe ag aois an phinsin amhail 31/12/2020 agus an chnapshuim ghaolmhar	Pinsean fabhraithe ag aois an phinsin amhail 31/12/2020 agus an nnapshuim ghaolmhar	Fíormhéadú ar an phinsean agus ar an chnapshuim ghaolmhar ag aois an phinsin	Fíormhéadú ar an phinsean agus ar an apshuim ghaolmhar ag aois an phinsin	LACAT 31/12/19	LACAT 31/12/2020	Fíormhéadú LACAT	Luach na sochar pinsin 20 19	Luach na sochar pinsin 20 20
Bainisteoir Sinsearach	Pinsean	Cnapshuim	Pinsean	Cnapshuim					
Oifigeach Ainmnithe	€20,022	€40,043	€2,225	€2,225	€333,693	€375,961	£38,000	€45,605	€46,717
Stiúrthóir Forbartha	€13,348	€17,797	€1,112	€1,112	€164,622	€189,093	€24,471	€44,492	€23,359
Stiúrthóir Caomhnaithe agus Cosanta	€25,583	€75,637	€1,112	€3,337	€575,064	€588,,412	€13,348	€24,471	€25,583
Stiúrthóir Dobharshaothraithe agus Sliogiascaigh **	€22,246	€40,043	€3,337	€5,562	€271,404	€334,805	€63,402	€21,134	€72,300
Stiúrthóir Eatramhach Seirbhísí Corparáideacha	€8,898	€4,449	€2,225	ΕO	€72,300	€88,985	€16,685	€22,246	€44,492

Pinsean fabhraithe ag aois an phinsin amhail an 31 Nollaig 2020 agus an chnapshuim ghaolmhar

Is ionann an pinsean fabhraithe ag aois an phinsin amhail 31 Nollaig 2020 agus an chnapshuim ghaolmhar, agus luach an phinsin bhliantúil agus na cnapshuime atá ag dul don duine ar dhul ar scor dóibh, bunaithe ar a seirbhís suas go dtí an dáta sin.

Fíormhéadú ar an phinsean agus ar an chnapshuim ghaolmhar ag aois an phinsin

Is ionann an fíormhéadú ar an phinsean agus ar an chnapshuim, agus an méadú os cionn boilscithe, tomhaiste de réir an Phraghasinnéacs Tomhaltóirí. Maidir le 2019/20, rinneadh coigeartú +2.4% (18/19, +3%) i dtaca le baill sa Tuaisceart, agus cuireadh coigeartú +0.9% (18/19 +0.2%) i bhfeidhm maidir le baill sa Deisceart.

Luachanna Aistrithe Cóibhéis Airgid Thirim

Is ionann Luach Aistrithe Cóibhéis Airgid Thirim (LACAT) agus an luach caipitlithe measúnaithe go hachtúireach atá ar shochair ón scéim pinsin atá fabhraithe ag ball ag am ar leith. Is iad na sochair a ndéantar iad a luacháil sochair fhabhraithe an bhaill agus aon phinsean teagmhasach céile ab iníoctha tríd an scéim. Is é is LACAT ann íocaíocht a dhéantar trí scéim nó socrú pinsin d'fhonn sochair phinsin a fháil trí scéim nó socrú pinsin eile nuair a fhágann ball scéim ar leith agus roghnaíonn siad na sochair a d'fhabhraigh siad tríd an iarscéim a aistriú. Baineann na figiúirí pinsin atá thuasluaite leis na sochair atá fabhraithe ag an duine aonair mar thoradh ar iomlán a mballraíochta sa scéim pinsin, agus ní hamháin lena seirbhís i bpost sinsearach ar gá nochtadh a dhéanamh ina leith. Áirítear sna figiúirí LACAT an luach atá ar aon phinsean i scéim nó socrú eile atá an duine aonair i ndiaidh a aistriú go socruithe pinsin na Gníomhaireachta. Áirítear iontu fosta aon sochair bhreise pinsin atá fabhraithe i dtaca leis an bhall mar thoradh ar iad blianta breise seirbhíse pinsin a cheannach as a bpóca féin. Ríomhtar LACATanna de réir na Rialachán um Scéimeanna Pinsin Oibre (Luachanna Aistrithe) (Leasú), 2008, agus ní ghlactar san áireamh aon sochair iarbhír ná féideartha as Cáin Liúntas Saoil ba dhlite nuair a ghlacfaí sochair phinsin.

Fíormhéadú ar LACAT

Léiríonn sé seo an t-ardú ar LACAT atá cistithe,

le fírinne, ag an fhostóir. Ní áirítear ann an méadú ar phinsean fabhraithe mar gheall ar bhoilsciú ná ranníocaíochtaí íoctha ag an fhostaí (lena n-áirítear luach na sochar aistrithe ó aon scéim pinsin nó socrú) agus baintear úsáid as fachtóirí luachála an chómhargaidh do thús agus deireadh na tréimhse.

Luach na sochar pinsin a fabhraíodh

Déantar luach na sochar pinsin a fabhraíodh le linn na bliana a ríomh mar an fíormhéadú ar an phinsean iolraithe ar 20, móide an fíormhéadú ar aon chnapshuim a bheadh i gceist, lúide ranníocaíocht a bheadh déanta ag an duine aonair. Fágtar as an áireamh sna fíormhéaduithe méaduithe mar gheall ar bhoilsciú agus aon mhéadú nó laghdú mar thoradh ar aistriú cearta pinsin.

Socruithe Pinsin

Is baill iad den Scéim Pinsin Thuaidh/Theas iad fostaithe de chuid Ghníomhaireacht na Lochanna. Is iad na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas agus Turasóireacht Éireann Teoranta a bhunaigh an Scéim Pinsin Thuaidh/Theas le héifeacht ón 29 Aibreán 2005 ar aghaidh. Is scéim pinsin le sochar sainithe í a bhíonn á cistiú go bliantúil ar bhonn íoc mar a thuillir as airgead a fhaightear ó Státchistí na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann. Cuireann an RTCGT sa Tuaisceart agus RCAC sa Deisceart maoiniú ar fáil don Ghníomhaireacht. Bíonn an scéim á riar ag riarthóir seachtrach.

Tá an Scéim Pinsin Thuaidh/Theas comhdhéanta de roinnt rannóg a mbaineann struchtúir éagsúla sochar leo.

Is socrú pinsin tuarastal deiridh í Core Final Salary a bhfuil sochair i gceist leis atá bunaithe ar an rannóg Classic i Scéim Pinsin Principal na Státseirbhíse i dTuaisceart Éireann. Soláthraítear pinsean tríd an scéim (ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse), chomh maith le haisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse), pinsean céile agus pinsean leanaí. Is é 60ú breithlá an bhaill an Ghnáthaois Scoir. Bíonn pinsin atá á n-íoc (agus iad siúd atá iarchurtha) ag méadú de réir bhoilsiú praghasanna ginearálta.

Is socrú nó scéim pinsin í an rannóg Core Alpha atá bunaithe ar Mheántuilleamh Gairmréime Athluacháilte (CARE) le sochair atá bunaithe ar Rannóg Alpha de Scéim Pinsin Principal na Státseirbhíse i dTuaisceart Éireann. Soláthraítear pinsean tríd an Scéim bunaithe ar chéatadán den phá inphinsin i dtaca le gach bliain de bhallraíocht ghníomhach (méadaítear an pinsean ag tús gach bliana den scéim de réir bhoilsciú praghasanna ginearálta) chomh maith le pinsean céile agus pinsean leanaí. Is ionann an Ghnáthaois Phinsin agus aois an phinsin stáit sa dlínse cuí. Is é 66 bliain aois an phinsin stáit faoi láthair sa Ríocht Aontaithe. Tá arduithe eile beartaithe ag Rialtas na Ríochta Aontaithe lena gcuirfear aois an phinsin stáit suas ó 66 bliain go 67 bliain idir 2026 agus 2028 agus ó 67 go 68 idir 2044 agus 2046.

I bPoblacht na hÉireann, is é 66 bliain aois an phinsin stáit faoi láthair. Bhí sí le hardú go 67

bliain ar an 1 Eanáir 2021 agus ansin go 68 bliain ar an 1 Eanáir 2028, ach tá an t-athrú sin curtha siar agus tá Coimisiún um Pinsin bunaithe leis an athrú ar aois an phinsin Stáit, agus ceisteanna eile amhail inbhuanaitheacht agus cothroime idirghlúine, a phlé.

Bíonn pinsin atá á n-íoc (agus atá curtha siar) ag méadú de réir bhoilsciú praghasanna ginearálta.

Bíonn sochair ag formhór na mball den rannóg Core sna rannóga Final Salary agus Alpha araon, agus maidir le hiontrálaithe nua a tháinig isteach sa scéim i ndiaidh an 1 Aibreán 2015, téann an chuid is mó acu isteach sa rannóg Core Alpha.

Luach Saothair Chomhaltaí Boird agus costais slándála sóisialaí san áireamh (Faisnéis Iniúchta)

	2020	2019	2020	2019
Comhalta Boird	£	£	€	€
Laurence Arbuckle (Cathaoirleach, ceaptha 16 Nol 2020)	350	-	393	-
Andrew Duncan (Leas-Chathaoirleach)	9,427	9,397	10,595	10,706
Michael McCormick	7,381	7,356	8,296	8,380
Phil Mahon	5,556	5,563	6,245	6,337
Terry McWilliams (Deireadh lena théarma ar an 12 Nol 2020, athcheapadh ar an 16 Nol 2020)	5,476	5,563	6,156	6,337
Allan Ewart	5,556	5,563	6,245	6,337
Ian McCrea	5,556	5,563	6,245	6,337
Alastair Patterson	5,556	5,563	6,245	6,337
Fiona Walsh	7,381	7,355	8,296	8,379
Patrick Gibbons	7,381	7,355	8,296	8,379
Heather Mackey	7,381	7,355	8,296	8,379
	67,001	66,633	75,308	75,908

Ní tuarastail inphinsin iad tuarastail na gComhaltaí Boird.

Bandaí Tuarastail do na Fostaithe Uile

Líon na bhfostaithe (coibhéis lánaimseartha) a raibh a luach saothair don dhá mhí dhéag dar críoch 31 Nollaig 2020 sna bandaí seo a leanas:

Bandaí Tuarastail (£)		2020 Líon fostaithe	2019 Líon fostaithe
Níos lú ná 20,000	1	1	
20,000 – 29,999	25	26	
30,000 – 39,999	17	17	
40,000 – 49,999	1	1	
50,000 - 59,999	3	3	
60,000 – 69,999	2	2	
	49	50	

AGUISÍN 1 -TÁIRGEACHT LE hAIS SPRIOCANNA

TOSAÍOCHTAÍ, CUSPÓIRÍ AGUS SPRIOCANNA IN 2020



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

AGUISÍN 1 – TÁIRGEACHT LE hAIS SPRIOCANNA

TOSAÍOCHTAÍ, CUSPÓIRÍ AGUS SPRIOCANNA IN 2020

Tosaíocht Straitéiseach 1

A chinntiú go gcuirtear na tosaíochtaí agus luachanna atá i bPlean Straitéiseach Ghníomhaireacht na Lochanna chun cinn mar chuid de ghnáthchúrsa gnó na Gníomhaireachta, go háirithe chomh fada agus a bhaineann sé le baill foirne, croí-oibríochtaí agus leis na caidrimh atá againn.

Is aidhm le Tosaíocht Chorparáideach 1 inniúlacht na Gníomhaireachta bheith ag obair go straitéiseach, go héifeachtúil agus go sofhreagrach a mhéadú maidir le polasaithe agus páirtithe leasmhara, agus na caidrimh agus an chumarsáid is gá a threisiú le go mbeidh an Ghníomhaireacht in ann a feidhmeanna a chomhlíonadh le agus an oiread tionchair agus is féidir a imirt.

1.1

Creat feidhmíochta a fhorbairt nasctha le cur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh agus an Phlean Bhliantúil Gnó. Tacar de theimpléid chorparáideacha agus tuairiscithe a fhorbairt le tacú le creat feidhmíochta. Eochairtháscairí le haghaidh sholáthar na Treorach Straitéisí, corpraithe le socruithe monatóireachta do chur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh agus an Phlean Ghnó. C2.

Tá bainistíocht agus maolú riosca agus fite fuaite i gcur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh agus an Phlean Ghnó

1.2

Struchtúr a chur i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar riosca, agus le go mbeidh bainistíocht comhtháite le próisis rialaithe, bainistithe líne agus forbartha foirne. Ionduchtú agus oiliúint don fhoireann i mbainistiú riosca mar uirlis ghnó / uirlis bhainistíochta chliste.

Cuirtear cláir oibre i bhfeidhm ag gach leibhéal rialaithe d'fhonn tuairisciú, maolú agus athbhreithniú ar riosca a léiriú. Faigheann gach ball foirne ionduchtú i mbainstiú riosca mar uirlis ghnó. R4.
Léiríonn cláir oibre na bhfoirne uile go bhfuil cur chuige struchtúrtha ann maidir le baoil do ghníomhaíochtaí agus tionscadail ghnó a chlárú agus a athbhreithniú.

1.3

Ullmhú faoi choinne na Breatimeachta trína bheith ag coinneáil súil ar chúrsaí agus dúshláin agus deiseanna a aithint. Anailís a dhéanamh ar dhúshláin agus deiseanna féideartha a d'imreodh tionchar ar obair na Gníomhaireachta. Anailís ina sonraítear dúshláin agus deiseanna a bheith ullmhaithe faoi dheireadh R4.

Teagmháil leis na Ranna Rialtais cuí agus le Comhlachtaí Poiblí eile faoi na deiseanna a ligfidh don Ghníomhaireacht cláir ábhartha théamúla a sheachadadh sa réigiún trasteorann. R4

Aschur mar thoradh ar Sheachadadh na Spriocanna	Stiúrthóirí Freagracha	Uasdátú
Creat monatóireachta agus measúnaithe a úsáideann eolas cainníochtúil agus cáilíochtúil a bheith forbartha agus neadaithe i gcroí an ghnó, i maoirseacht foirne agus sna gníomhaíochtaí uile a bhaineann le teagmháil le páirtithe leasmhara. Tá oiliúint faighte ag an fhoireann agus tuigeann siad cad é mar is féidir leo cur leis an obair agus tacaítear leo cur le Treoir Straitéiseach fhoriomlán na Gníomhaireachta.	POF agus gach Stiúrthóir.	Tá Creat Feidhmíochta curtha i bhfeidhm go rathúil i ngach Stiúrthóireacht. Tá na Tuairiscí in úsáid leis an POF agus an Bord a chur ar an eolas faoi dhul chun cinn le hais cuspóirí gnó. Tá oiliúint ar an chreat nua curtha i gcrích ag na baill foirne chuí uile.
Próisis éifeachtacha bainistithe riosca a bheith i bhfeidhm mar bhunchloch le seachadadh an Phlean Chorparáidigh agus an Phlean Gnó, agus le gur féidir rioscaí a aithint agus a mhaolú go luath.	POF agus gach Stiúrthóir.	Coinníodh córas éifeachtach bainistithe riosca ag dul i rith na bliana. Tá athbhreithniú iomlán ar an Chlár Rioscaí sceidealaithe in R1 2021.
Aithnítear an Ghníomhaireacht mar uirlis fhéideartha le cláir bhainistíochta trasteorann comhshaoil agus iascach a sheachadadh i ndiaidh na Breatimeachta. Leanann an Ghníomhaireacht le deiseanna maoinithe ón	POF agus gach Stiúrthóir.	Bhí an Ghníomhaireacht páirteach sa phróiseas comhairliúcháin maidir leis an chéad chlár maoinithe Peace Plus eile atá le bheith ar fáil in 2021. Tá teagmháil leanúnach ann leis na comhpháirtithe reatha lena

AE a lorg i gcomhar le compháirtithe as fud fad na hEorpa i ndiaidh don Ríocht Aontaithe imeacht

as an AE.

fháil amach cad iad na deiseanna taighde i ndiaidh INTERREG V.

Tosaíocht Straitéiseach 2

Leanacht lena bheith ag coinneáil, ag forbairt agus ag cur chun cinn bonn fianaise cruinn eolaíochta a sholáthraíonn sonraí agus eolas atá mar thaca agus mar fhoinse eolais do chroí-oibríochtaí agus oibríochtaí reachtúla na Gníomhaireachta, agus san am céanna ról na Gníomhaireachta mar chaomhnóir eolas tábhachtach eolaíochta a chur chun cinn.

Bíonn láidreacht na Gníomhaireachta ag brath ar láidreacht na reachtaíochta atá mar thaca léi agus ar láidreacht na n-acmhainní atá aici leis an reachtaíocht a fhorfheidhmiú.

Oibreoimid i gcomhar lenár Ranna Coimircíochta lena chinntiú go bhfuil reachtaíocht iascach agus chomhshaoil ann a ligfidh don Ghníomhaireacht a dualgais reachtúla a chomhlíonadh.

Cuspóir Gnó	Príomhghníomhaíochtaí	Spriocanna Seachadta
2.1 Uasghrádú an chórais bhainistíochta fianaise.	Córas bainistíochta fianaise a fháil agus socruithe gabhála sonraí a imeascadh leis.	Tús a bheith curtha leis an chóras a fháil agus sceidealú a bheith déanta. R1. Tús a bheith curtha le socruithe seachadta an tionscadail agus tuairisciú ar dhul chun cinn. R1. An dáta a rachaidh an córas beo a bheith sceidealaithe agus an córas nua a bheith go hiomlán i bhfeidhm agus imeasctha faoin spriocdháta. R4.
2.2 Úsáid bogearraí móibíleacha ascanta a neadú agus a chinntiú go bhfuil sé déanta de réir ceanglais slándála agus cosanta sonraí.	Oiliúint agus tacaíocht do bhaill foirne a úsáideann bogearraí móibíleacha.	Úsáid na mbogearraí a bheith go hiomlán neadaithe i gcleachtais na Gníomhaireachta. R4.
2.3 Uasghrádú agus cothabháil leanúnach tomhsairí iasc.	Gníomhaíochtaí ábhartha le huasghrádú agus cothabháil a chinntiú. Uasghrádú leanúnach ar thomhsairí iasc agus ar an teicneolaíocht ghaolmhar.	Dearbhú a bheith tugtha maidir le réimse iomlán na riachtanas uasgrádaithe agus cothabhála i ngach tomhsaire iasc a bhíonn á bhainistiú ag an Ghníomhaireacht. R2. Tús a bheith curtha leis an uasghrádú agus le cothabháil. R4.

Aschur mar thoradh ar Sheachadadh na Spriocanna	Stiúrthóirí Freagracha	Uasdátú
Déantar sonraí a bhailiú ar bhonn fíor-ama agus a chur i dtoll le chéile de réir na reachtaíochta cosanta sonraí.	Stiúrthóir Caomhnaithe agus Cosanta	Tá córas nua digiteach le gabhálacha a chlárú tugtha isteach agus córas nua clibeála barrachóid imeasctha leis. Tá trealamh nua fisiciúil le fianaise a stóráil agus a logú ceannaithe agus réidh le húsáid. Tá córas nua digiteach le fianaise físe agus ghrianghrafadóireachta a chlárú agus a bhainistiú tugtha isteach.
Gabhtar sonraí ar bhonn fíor-ama agus cuirtear le chéile iad agus déantar bainistíocht orthu d'fhonn cáilíocht agus slándáil na sonraí a chinntiú.	An Stiúrthóir Caomh-nóireachta agus Cosanta	D'aistrigh an Ghníomhaireacht ó aonaid GPS Trimble a úsáid le sonraí a bhailiú allamuigh go bogearraí ESRI a úsáid mar aip ar ghutháin na Gníomhaireachta agus go haipeanna móibíleacha gréasáin a thugann rochtain ar na sonraí do bhaill foirne.
Bíonn cáilíocht na sonraí optamaithe trína chinntiú go bhfuil an trealamh uile tomhaiste iasc ag obair ar an leibhéal is éifeachtaí agus déantar é a uasghrádú de réir mar is gá.	An Stiúrthóir Caomh-nóireachta agus Cosanta	Cuid de curtha i bhfeidhm, tugadh roinnt bheag tionscadal ar aghaidh go 2021 de bharr srianta taistil ar sholáthraithe mar gheall ar phrótacail COVID-19.

2.4

Roghanna forbartha, lena n-áirítear suíomh agus pleanáil do stáisiún comhairimh na Finne.

Soláthar inbhuanaithe uisce do na linnte slatiascaireachta ag an Cheanncheathrú a fhiosrú. Páipéar roghanna a ullmhú agus a mheasúnú maidir le suíomh agus pleanáil stáisiún comhairimh na Finne de réir na bpolasaithe ábhartha pleanála ceantair agus reachtaíochta cosanta comhshaoil.

Bileog faisnéise a ullmhú faoin soláthar uisce do linnte slatiascaireachta ag an Cheanncheathrú. PPáipéar roghanna faoi phleanáil a bheith curtha faoi bhráid an Bhoird. R4.

Faisnéis a thabhairt
faoi sholáthar uisce
inbhuanaithe faoi choinne
na linnte slatiascaireachta.
Saincheisteanna tábhachtacha
ábhartha i gcomhthéacs an
Athbhreithnithe Straitéisigh
ar Shlatiascaireacht a
bheith tugtha san áireamh
san fhaisnéis a thabharfar
(Tosaíocht 3). R4.

2.5

Suirbhéireacht ar ghnáthóga de réir flúirse iasc óg.

Anailís ar leibhéil na n-iasc óg.

Suirbhéireacht ar ghnáthóga a dhéanamh agus tuairisc a thabhairt faoi na torthaí / anailís a dhéanamh orthu. Forléargas a bheith tugtha ar leibhéil na n-iasc óg sna córais uile a bhfuil an Ghníomhaireacht freagrach astu. R2.

Sceideal de shuirbhéanna tosaíochta a bheith comhaontaithe agus aitheanta. R1.

Tús / Críoch a bheith curtha le tuairisc ar thorthaí na suirbhéanna. R4.

2.6

Úsáid a bhaint as acmhainn bronnta ag an chúirt faoi choinne suirbhéanna breise, feabhsú gnáthóg agus cosc ar thruailliú ar an tSruthail. Comhoibriú idir páirtithe áitiúla a éascú agus ionchur / maoirsiú teicniúil a sholáthar faoi choinne obair bhreise suirbhéireachta, obair chomhaontaithe feabhsaithe gnáthóg agus cosc ar thruailliú ar an tSruthail. Comhaontú
Comhpháirtíochta a
bheith i bhfeidhm maidir
le suirbhéanna breise,
oibreacha feabhsaithe
gnáthó agus cosc ar
thruailliú ar an tSruthail. R2.

Tús a bheith curtha leis an obair agus tuairiscí ráithiúla ar dul chun cinn maidir leis an chomhaontú seirbhíse a bheith ar fáil. R4.

Aschur mar thoradh ar Sheachadadh na Spriocanna	Stiúrthóirí Freagracha	Uasdátú
Scópáil déanta ó thaobh na riachtanas uile pleanála, comhshaoil agus corparáideacha ar ghníomhaíochtaí féideartha i dtaca le stáisiún ar an Fhinn agus linnte slatiascaireachta ag an Cheanncheathrú a fhorbairt.	An Stiúrthóir Caomh-nóireachta agus Cosanta, An Stiúrthóir Forbartha agus an Stiúrthóir Seirbhísí Corp-aráideacha	Measúnú ar riosca tuilte déanta de réir na reachtaíochta cosanta comhshaoil Fiosruithe déanta, measúnú agus in-house assessment and breithmheas ar roghanna curtha i gcrich. Déanfaidh SMT measúnú ar na roghanna agus leanfar leis na roghanna is fearr in 2021.
Tá obair Chaomhnóireachta agus Chosanta amach anseo bunaithe ar eolas ón tsuirbhéireacht ar ghnáthóga.	An Stiúrthóir Caomh-nóireachta agus Cosanta	Tá anailís déanta ar leibhéil na n-iasc óg agus tá an tsuirbhéireacht ar ghnáthóga déanta. Tá an Ghníomhaireacht in ann cinntí faoin pholasaí bainistithe iascach a dhéanamh bunaithe ar na sonraí.
Glactar céimeanna áirithe chun ghnáthóg a fheabhsú agus truailliú a chosc ar an tSruthail, bunaithe	An Stiúrthóir Caomh-nóireachta agus Cosanta	Is tionscadal ilbhliana é atá ag dul ar aghaidh go leanúnach agus atá á dhéanamh de réir an sceidil.

go díreach ar fianaise a

ar an abhainn.

fhaightear ó shuirbhéanna

agus Cosanta

Tá dhá thionscadal tugtha chun críche i mbliana ar an tSruthail.

2.7

Athbhreithniú a dhéanamh ar an fheidhm eolaíochta / taighde le cur chuige straitéiseach as seo ar aghaidh.

Athbhreithniú a dhéanamh ar an fheidhm eolaíochta d'fhonn straitéis a fhorbairt a chuimsíonn taighde, anailís agus measúnú eolaíochta i dtaca le hiascaigh, d'fhonn Polasaí Bainistithe lascach a cheapadh atá oiriúnach le dul i ngleic go rathúil le saincheisteanna áitiúla agus domhanda comhshaoil amach anseo.

Athbhreithniú a bheith déanta ar an fheidhm eolaíochta agus taighde agus príomhthosaíochtaí a bheith curtha i láthair agus curtha i bhfeidhm. R4.

2.8

Measúnú stoic maidir le hoisrí dúchasacha Loch Feabhail, monatóireacht bheantach agus monatóireacht ar éiceachórais, gníomhaíochtaí sceite / gníomhaíochtaí socraithe agus ceangailte na ndébhlaoscach óg leis an tsubstráit, anailís ar shonraí faoi éisc tugtha i dtír.

Gnáthmheasúnuithe stoic, gníomhaíochtaí monatóireachta, agus anailís ar shonraí.

Dhá mheasúnú stoic a dhéanamh ar oisrí dúchasacha i Loch Feabhail.

Monatóireacht bhliantúil bheantach agus ar éiceachórais a chur i gcrích.

Monatóireacht ar ghníomhaíocht sceite oisrí agus ar shocrú agus ceangal débhlaoscach óg leis an tsubstráit.

Anailís ar shonraí faoi éisc a thugtar i dtír.

Sceideal measúnuithe agus socruithe monatóireachta a bheith déanta. R1.

Measúnuithe agus monatóireacht a bheith á gcur i bhfeidhm. R1 and R2.

Sonraí a bheith ar fáil ar bhonn sceidealaithe ó na gníomhaíochtaí uile thuas.

Aschur mar thoradh ar Sheachadadh na Spriocanna	Stiúrthóirí Freagracha	Uasdátú
Tá cur chuige athnuaite, éifeachtach ag an Ghníomhaireacht i leith ról fheidhm na heolaíochta maidir le gníomhaíochtaí eile a shocrú, agus i leith ról na Gníomhaireachta mar chomhlacht éascaithe do thaighde praitice (feidhmiúil) príomhúil agus tánaisteach.	POF	Cuirfear tús le bonnathrú ar fheidhm na heolaíochta in 2021. Tá an post mar Cheann na hEolaíochta le líonadh i mí an Mhárta 2021 i ndiaidh próiseas earcaíochta ar cuireadh tús leis i mí na Nollag 2020.
Leanfar ar aghaidh le bailiú sonraí ar oisrí dúchasacha Loch Feabhail, a bheidh mar bhunús le hobair chaomhnóireachta, chosanta agus forbartha.	Stiúrthóir Dobhar-shaothraithe agus Sliogiascach	Tá suirbhéanna an earraigh agus an fhómhair ar oisrí dúchasacha déanta. Cuireadh monatóireacht bheantach agus aimsiú limistéir fhóirsteanacha faoi choinne obair ghnáthóige i gcrích le linn do shuirbhéanna ar oisrí dúchasacha a bheith á ndéanamh. Cuireadh measúnú ar sceitheadh i gcrích i mí Mheithimh 2020. Críochnófar an anailís ar shonraí faoi éisc a tugadh i dtír nuair a dhruidfidh iascaith 2020/21 ar an 31ú Márta 2021.

Tosaíocht Straitéiseach 3

Acmhainní nádúrtha na ndobharcheantar atá faoi chúram reachtúil Ghníomhaireacht na Lochanna a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chothabháil trí chaomhnóireacht, feabhsú cáilíochta, cosaint speiceas agus gnáthóg, oideachas agus feasacht, obair chomhpháirtíochta agus rochtain inbhuanaithe ar ár n-acmhainní nádúrtha.

Cuspóir Gnó	Príomhghníomhaíochtaí	Spriocanna Seachadta
3.1 Athbhreithniú cuimsitheach ar reachtaíocht lena chinntiú gur féidir leis an Ghníomhaireacht tarraingt ar reachtaíocht atá fóirsteanach do chomhlíonadh a dualgas aici i dtimpeallacht athraitheach.	Páipéar seasaimh ar athbhreithniú rialála a dhéanamh. Teagmháil a dhéanamh leis na Ranna Coimircíochta agus le páirtithe leasmhara reachtúla eile le hathbhreithniú cuimsitheach ar reachtaíocht a thionscnamh.	Páipéar seasaimh a bheith déanta agus curtha faoi bráid na Ranna Coimircíochta agus an Bhoird. R4.
3.2 Seachadadh leanúnach na bhfeidhmeanna forfheidhmithe.	Plean bliantúil forfheidhmithe a dhéanamh.	Plean Forfheidhmithe a bheith i bhfeidhm agus uasdátú rialta a bheith déanta air bunaithe ar eolas áitiúil. R4.
3.3 Athbhreithniú straitéiseach ar Fhorbairt Slatiascaireachta agus lascach.	Athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh, lena n-áirítear ról agus tosaíochtaí straitéiseacha na Gníomhaireachta a shuí, agus tosaíochtaí oibríochtúla a aithint.	Téarmaí Tagartha a bheith dréachtaithe. R1. Tús a bheith curtha le hathbhreithniú. R4.

Féachann an Ghníomhaireacht lena chinntiú go gcosnófar agus go gcaomhnófar Ceantair Loch Feabhail agus Loch Cairlinn ar mhaithe leis an ghlúin seo agus leis na glúine a thiocfaidh inár ndiaidh. Aithnímid an tábhacht atá le hoideachas agus obair for-rochtana le haird a tharraingt ar na dúshláin chomhshaoil a bhaineann leis na hacmhainní nádúrtha uathúla atá faoi chúram na Gníomhaireachta.

Aschur mar thoradh ar Sheachadadh na Spriocanna	Stiúrthóirí Freagracha	Uasdátú
Forléargas cuimsitheach ar an athchóiriú reachtaíochta atá de dhíth le gur féidir leis an Ghníomhaireacht a feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh a chur i láthair agus a chur in iúl.	An Stiúrthóir Caomh-nóireachta agus Cosanta	Tá dréachtpháipéar seasaimh déanta i ndiaidh próiseas fada inmheánach comhairliúcháin. Déanfar teagmháil leis na Ranna Coimircíochta agus le Páirtithe Leasmhara in 2021/22.
80% de na dualgais forfheidhmithe a bheith dírithe agus forfheidhmiú beartaithe a bheith ann. Fianaise ardchaighdeáin bailithe ag Oifigigh lascach na Gníomhaireachta agus í curtha ar fáil mar thaca leis na feidhmeanna reachtúla forfheidhmithe.	An Stiúrthóir Caomh-nóireachta agus Cosanta agus an Stiúrthóir Seirbhísí Corp-aráideacha	Lean baill foirne Caomhnóireachta agus Cosanta le seachadadh a ndualgas forfheidhmithe le linn 2020 de réir srianta rialtais agus treoirlínte Sláinte agus Sábháilteachta. D'éirigh leis an Ghníomhaireacht a bhfuil sa Phlean Forfheidhmithe bliantúil a sheachadadh.
Tá athbhreithniú straitéiseach ar fhorbairt na slatiascaireachta agus iascach déanta. Beidh an t-athbhreithniú seo san áireamh agus Pleananna Gnó á ndéanamh amach anseo agus cuideoidh sé obair forbartha na Ghníomhaireachta maidir le slatiascaireacht a threorú agus a dhíriú.	An Stiúrthóir Dobhar- shaothraithe agus Sliogiascach	Tá Téarmaí Tagartha dréachtaithe; tá tús le cur le taighde deisce agus le teagmháil le páirtithe leasmhara in R1 2021.

3.4 Stádas comhshaoil agus socheacnamaíochta lascach Oisrí Dúchasacha Loch Feabhail a fheabhsú.	Leanúint le haimsiú limistéar atá fóirsteanach faoi choinne athchuir / feabhsúcháin agus faoi choinne linnte féideartha inar féidir le débhlaoscaigh óga socrú. Fiosrú a dhéanamh maidir leis na féidearthachtaí an margadh intíre a fhorbairt agus caighdeán um inrianaitheacht táirgí a thabhairt isteach i dtaca le hoisrí dúchasacha Loch Feabhail. Leanúint le teagmháil le Tionscadal SAFER (Cnuasaigh Chliste Bia Mara Atlantaigh.	Na tosaíochtaí tionscadail uile sna pleananna reatha tionscadail a bheith curtha i bhfeidhm de réir sceidil. Tuairiscí a bheith tugtha i rith na bliana faoin chaighdeán um inrianaitheacht táirgí. Cur i láthair a bheith déanta don Bhord faoin chaighdeán um inrianaitheacht táirgí agus faoin iascach oisrí go foriomlán. R4.
3.5 Cláir oideachais agus for-rochtana ar fud na Gníomhaireachta le tacaíocht ionchuir theicniúil.	Clár Ambasadóirí an Fheabhail agus Chairlinn a sheachadadh. Próisis samhaltú aibhneacha a fhorbairt.	Pleananna agus sceideal do Chlár Ambasadóirí an Fheabhail agus Chairlinn a bheith i bhfeidhm. R2. Tús a bheith curtha ag Ambasadóirí faoi oiliúint lena ngníomhartha. R2. Maoiniú breise a bheith lorgtha – tuairiscí ráithiúla ar an phróiseas seo a bheith déanta. Ar lean in R1. Samhail a bheith ceaptha agus tógtha. R4.
3.6 Bonneagar rochtana cuí a fhorbairt.	Clár oibreacha aibhneacha a fhorbairt agus a sheachadadh d'fhonn uastáirgeadh salmainidí óga a optamú. Clár rochtana ar aibhneacha a aithint agus a sheachadadh. Coimitmintí reatha tacú le tionscnaimh forbartha tuaithe abhainnbhunaithe faoi stiúir comhpháirtithe seachtracha a chomhlíonadh.	Clár oibreacha a bheith aitheanta agus tús a bheith curtha leis an obair. R1. Tuairiscí ráithiúla ar dhul chun cinn a bheith curtha ar fáil mar chuid de thionscadail faoi stiúir comhpháirtithe seachtracha, tionscadail a bhfuil coimitmint reatha ag an Ghníomhaireacht ina leith agus atá faoi stiúir comhpháirtithe seachtracha. Ar lean, tús le

cur leis in R1.

Aschur mar thoradh ar Sheachadadh na Sprìocanna	Stiúrthóirí Freagracha	Uasdátú	
Na torthaí uile a bhaineann le gach tionscadal seachadta de réir an sceidil chomhaontaithe.	An Stiúrthóir Dobhar- shaothraithe agus Sliogiascach	Aimsíodh limistéir fhóirsteanacha faoi choinne obair ghnáthóige le linn suirbhéireachtaí oisrí dúchasacha. Rinneadh trialacha rathúla ar chlibeanna barrachóid san lascach Oisrí Dúchasacha i séasúr 2019/2020. Chuir an fhoireann SAFER ó Chomhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin, Food NI agus Gníomhaireacht na Lochanna tuarascáil i gcrích faoi thionscadal taighde margaidh maidir le hoisrí dúchasacha.	
Gach clár seachadta de réir an sceidil chomhaontaithe. An clár curtha i gcrích go rathúil ag 80 Ambasadóir nua. An tsamhail in úsáid le cláir oideachais a fheabhsú.	An Stiúrthóir Forbartha	Forbraíodh Clár Ambasadóirí an Fheabhail agus Chairlinn agus cuireadh tús leis, ach níor críochnaíodh é mar gheall ar shrianta COVID-19. Tá an tsamhail aibhneacha forbartha agus tá an trealamh curtha ar fáil. Beidh an tsamhail in úsáid mar chuid de chláir for-rochtana agus oideachais na Gníomhaireachta.	
Tá an clár oibreacha aibhneacha bainistithe de réir an sceidil agus tá na bearta cuí maolaithe riosca i bhfeidhm.	An Stiúrthóir Forbartha, an Stiúrthóir Caomh-nóireachta agus Cosanta agus an Stiúrthóir Dobhar-shaothraithe agus Sliogiasach	Tá rochtain curtha isteach mar chuid de scéimeanna gnáthóg de réir mar is cuí. Tá obair feabhsúcháin ar Chanáil an tSratha Báin agus Cé Uí Ghribín tugtha chun críche i gcomhar le Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin.	

3.7

Athbhreithniú a dhéanamh ar dhualgais reachtúla na Gníomhaireachta maidir le forbairt turasóireachta muirí. Téarmaí Tagartha a bhunú faoi choinne athbhreithniú straitéiseach ar ról na Gníomhaireachta i gcomhthéacs na hearnála turasóireachta muirí trasteorann agus Thuaidh/ Theas.

Tús a chur leis an athbhreithniú de réir na dTéarmaí Tagartha. Téarmaí Tagartha / modheolaíocht a bheith comhaontaithe. R1.

Tús a bheith curtha leis an athbhreithniú faoi dheireadh R2.

Athbhreithniú a bheith déanta ar na réamhthorthaí. R4.

3.8

Uasghrádú ar an eispéireas Riverwatch do chuairteoirí, lena n-áirítear gnéithe nua nuálacha. Costáil mhionsonraithe ar na hoibreacha atá molta le tacú le nuálacht in Riverwatch. Plean tionscadail agus cúrsaí airgeadais a bheith dearbhaithe faoi dheireadh R1.

Tús a bheith curtha leis na hoibreacha agus iad a bheith críochnaithe faoi dheireadh R4.

3.9

An Ghníomhaireacht a mhargú.

Clár margaíochta agus imeachtaí don bhliain a fhorbairt agus a chur i láthair, riachtanais bhuiséid san áireamh.

Monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhartha ábhartha agus uasdátuithe a thabhairt ina leith. Pleananna agus buiséad a bheith comhaontaithe maidir le gníomhaíochtaí margaíochta agus imeachtaí. R1.

Tuairiscí rialta dul chun cinn a bheith déanta ar na gníomhaíochtaí margaíochta uile a dhéanfar.

3.10

Bliain Idirnáisiúnta na mBradán, comhdháil óige, a sholáthar. Plean, buiséad, ionad agus liosta toscairí a chomhaontú.

Ábhar oideachasúil a chomhaontú agus cláir for-rochtana oideachais a sheachadadh.

Clár imeachtaí don chomhdháil a cheapadh agus a sheachadadh. Na socruithe pleanála agus feidhmithe uile a bheith curtha i láthair, comhaontaithe agus curtha i bhfeidhm de réir sceideal comhaontaithe. Plean tionscadail a bheith i bhfeidhm. R1.

Cumarsáid a bhaineann leis an imeacht a bheith beartaithe agus curtha i bhfeidhm. R2.

160 mac léinn a bheith i láthair ag an Chomhdháil agus coimre ar ábhar na Comhdhála a bheith foilsithe ar líne. R4.

Aschur mar thoradh ar Sheachadadh na Spriocanna	Stiúrthóirí Freagracha	Uasdátú	
Athbhreithniú cuimsitheach ar dhualgais reachtúla na Gníomhaireachta maidir le forbairt turasóireachta muirí déanta. Déanfar cur i ngníomh na dtorthaí comhaontaithe a fhorbairt mar straitéis agus plean seachadta mar chuid de Phlean Chorparáideach 2020 – 2022.	An Stiúrthóir Forbartha	Tá Téarmaí Tagartha don athbhreithniú socraithe agus tá an buntaighde deisce déanta agus tá buneolas bailithe.	
Feabhas ar an eispéireas do chuairteoirí ar Riverwatch agus ar thionchar na suiteán Riverwatch ar an fhoghlaim. Méadú ar líon na gcuairteoirí.	An Stiúrthóir Forbartha	Níor éirigh le hiarratas ar dheontas turasóireachta agus déanfar measúnú ar an tionscadal in 2021 lena chinntiú go bhfuil gach gné den nuálacht tugtha san áireamh. Cuirfear atús le hobair thionscadail in 2022.	
Margaíocht thacaithe, phleanáilte ar na Lochanna, a tharraingíonn aird ar obair na Gníomhaireachta agus a chomhlánaíonn fosta obair na ngníomhaireachtaí sin a bhfuil turasóireacht nó áineas taobh amuigh mar dhualgas foirmiúil orthu.	An Stiúrthóir Forbartha	Rinneadh gníomhaíochtaí margaíochta a bhí dírithe ar na meáin dhigiteacha agus cuireadh formhór na n-imeachtaí a bhí beartaithe ar ceal mar gheall ar shrianta COVID-19.	
Beidh teagmháil fhiúntach ann le 6 scoil i gceantair an Fheabhail agus Chairlinn mar thoradh ar an Chomhdháil um Bradáin.	An Stiúrthóir Dobhar- shaothraithe agus Sliogiascach agus an Stiúrthóir Forbartha	Athraíodh fócas an tionscadail seo i mí Mhárta 2020 mar gheall ar an phaindéim COVID-19 mar níorbh fhéidir an chomhdháil a dhéanamh beo. D'oibrigh an fhoireann ar chlár le linn 2020 faoi choinne Ambasadóirí Bradán a dhéanamh in 2021 mar áis ar líne ar Google Classroom.	

Tosaíocht Straitéiseach 4

Gníomhaireacht na Lochanna a athrú ó bhonn trí infheistíocht sna daoine atá linn trí chumas agus éifeachtúlacht ár bhfoirne a ardú; trí eagras atá cumasaithe go digiteach a chruthú trínár gcórais a uasghrádú; trínár gcultúr maidir le cinntí fianaisebhunaithe a dhéanamh agus a phleanáil a neartú trí léargais nua a lorg le hathléimneacht chorparáideach a chruthú.

Mar eagras, bímid ag idirghníomhú le réimse leathan páirtithe leasmhara, le Comhlachtaí Rialtais gaolmhara eile, le húdaráis áitiúla agus le pobail áitiúla. In 2020, lean muid de bheith ag cur lenár gclú mar chomhpháirtí a bhfuil meas orainn agus iontaoibh asainn ar féidir leis comhfhíseanna a fhíorú maidir le bainistiú na hinfheistíochta i ndaoine agus in áiteanna le héifeacht barrmhaith agus de réir Threoir Straitéiseach na Gníomhaireachta.

Cuspóir Gnó

Príomhghníomhaíochtaí

Spriocanna Seachadta

4.1

Plean Cumarsáide Corparáidí a fhorbairt faoi choinne 2020-22, a chomhordófar trí oifig an Phríomhfheidhmeannaigh agus a dtacófar leis trí ghníomhartha sna Stiúrthóireachtaí uile. Straitéis agus Plean Cumarsáide inmheánach agus seachtrach araon a fhorbairt agus socruithe a chur i bhfeidhm le gur féidir iad a sheachadadh go héifeachtach.

Tacar nua gnáthamh agus prótacal a fhorbairt a bheidh ag teacht le modhanna éagsúla.

Clár teagmhála seachtraí a fhorbairt bunaithe ar phoibliú gníomhaíochtaí a bhaineann le croífheidhmeanna na Gníomhaireachta agus rannpháirtíocht iontu. Athbhreithniú a bheith déanta ar na socruithe reatha cumarsáide agus deiseanna breise a bheith leagtha amach. R2.

Plean nua Straitéiseach um Chumarsáid Chorparáideach a bheith forbartha. R4. Aschur mar thoradh ar Sheachadadh na Sprìocanna

Stiúrthóirí Freagracha

Uasdátú

Cumarsáid straitéiseach, méadú ar an lucht féachana agus gníomhaíochtaí poiblíochta oibríochtúla tugtha le chéile in aon chreat cumarsáide nasctha amháin.

Ardú próifíle ag an Ghníomhaireacht mar phríomh-mhaor ar áiseanna comhroinnte tábhachtacha comhshaoil.

Freagraíonn an
Ghníomhaireacht go
forghníomhach ar bhonn
imeasctha agus ar bhonn
tráthúil ar dheiseanna
cumarsáide straitéisí
agus bíonn cuir chuige
atá cothrom le dáta in
úsáid maidir le láithreacht
ar na meáin shóisialta
agus próifíliú sna meáin
thraidisiúnta.

An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha Rinneadh Athbhreithniú inmheánach ar Chumarsáid a léirigh go raibh gá le hAthbhreithniú seachtrach ar Chumarsáid le tacaíocht ón Bhord.

Tugadh próiseas tairisceana chun críche i mí na Samhna 2020 agus cuirfear tús le hathbhreithniú seachtrach i mí Eanáir 2021. 4.2

Áiseanna cóiríochta, an bonneagar TF agus sócmhainní reatha a fheabhsú agus a chothabháil trí chothabháil, athchóiriú agus athsholáthar de réir mar is cuí. Tús a chur le feithiclí leictreacha a thabhairt isteach go hincriminteach: astuithe carbóin, leibhéil torainn agus costais fadsaoil feithiclí flít a laghdú.

Tús a chur le clár athchóirithe i dtaca le cóiríocht na ceanncheathrún agus na bearta atá i gcéad bhliain an chláir a chur i bhfeidhm.

Ráiteas inbhuanaitheachta a chur san áireamh maidir le gach tionscadal a bhfuil ábhair, fuinneamh agus bainistiú dramhaíola i gceist leis. Plean a bheith comhaontaithe agus á chur i bhfeidhm maidir le feithiclí leictreacha a thabhairt isteach. R2.

Gníomhaíochtaí a bheith idir lámha a bhaineann leis an chlár athchóirithe cóiríochta agus a bhaineann úsáid as spás atá ann cheana féin nach bhfuil in úsáid. R3.

4.3

Tacú le seachadadh cuspóirí gnó Ghníomhaireacht na Lochanna trí Straitéis Foghlama agus Forbartha trí bliana. Anailís ar riachtanais oiliúna agus forbartha foirne.

Straitéis Foghlama agus Forbartha a cheapadh. Clár oiliúna foirne a thionscnamh agus a chur i bhfeidhm. R1.

Samhail measúnaithe foirne a fhorbairt a chlúdóidh forbairt phearsanta agus ghairmiúil agus folláine na mball foirne. Gníomhaíochtaí 2020 faoin Straitéis Foghlama agus Forbartha a bheith dearbhaithe. R1.

Bunchlár oiliúna a bheith i bhfeidhm agus sceidealaithe. R1.

Samhail measúnaithe foirne a bheith comhaontaithe agus curtha i bhfeidhm ag gach leibhéal sa Ghníomhaireacht. R4.

Aschur mar thoradh
ar Sheachadadh na
Spriocanna

Stiúrthóirí Freagracha

Uasdátú

Clár cuimsitheach cothabhála, athchóirithe agus athsholáthair leanúnaigh bunaithe. Mar gheall air sin, na háiseanna, an bonneagar TF agus na sócmhainní reatha feabhsaithe agus cothaithe, agus riachtanais réamhmheasta sa todhchaí agus riachtanais a thiocfaidh chun solais i dtaca leis na réimsí sin ar fad glactha san áireamh.

An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha Cheannaigh an Ghníomhaireacht a céad fheithicil leictreach i mí an Mhárta 2020.
Tá an bunchlár oibreacha athchóirithe ar an Cheanncheathrú aitheanta. Tá oibreacha suntasacha tógála le cóiríocht bhreise oifige a chruthú déanta i bpáirt.
Déantar oibreacha uile na Gníomhaireachta ar bhealach inbhuanaithe.

Cultúr bunaithe i dtaca le forbairt foirne agus an fhoireann spreagtha lena bhforbairt phearsanta agus ghairmiúil féin a fhorbairt le tacaíocht ón fhoireann bhainistíochta, agus dóthain áiseanna ar fáil le freastal ar riachtanais forbartha aitheanta a thagann le riachtanais ghnó.

An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha Tá anailís ar riachtanais oiliúna agus forbartha foirne déanta.

Tá Dréacht-Straitéis Foghlama agus Forbartha ceaptha. Rinneadh clár oiliúna foirne a dhréachtú ach ní fhéadfaí é a chur i bhfeidhm mar gheall ar phaindéim COVID-19.

Tá samhail measúnaithe foirne comhaontaithe agus curtha i bhfeidhm, ach mar gheall ar chianobair, tá cur i bhfeidhm iomlán na samhla curtha siar go 2021.

Loughs Agency Annua Finanica Statements 2020

Year ended 31 December 2020



Factrie fur Loughs

Annual Report

Contents

Foreword to the Accounts	Page No. 138	
Statement of Accountable Person's Responsibilities	142	
Statement on Internal Control	143	
Audit Certificate	147	
Income Statement	150	
Statement of Comprehensive Income	151	
Statement of Financial Position	152	
Statement of Changes in Equity	153	
Statement of Cash Flows	154	
Notes to the Accounts	155	
Appendix 1 Accounts Direction	188	

Foreword to the Accounts

The Board presents the financial accounts for the year ended 31 December 2020.

Statutory Background

Loughs Agency (the Agency) of the Foyle, Carlingford and Irish Lights Commission (FCILC), a North South Implementation Body, inherited the functions and responsibilities of the Foyle Fisheries Commission with regard to the conservation, protection, management and improvement of the fisheries of the cross border Foyle Area. The FCILC became operational on 2 December 1999 at which time the assets and liabilities of the Foyle Fisheries Commission were transferred to Loughs Agency.

The FCILC is legislated by the North South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 and the British Irish Agreement Acts 1999 and 2002. The Board of the FCILC reports to the North South Ministerial Council and its government Sponsor Departments both North and South – the Department of Agriculture, Environment and Rural Affairs in the North (DAERA), and the Department of the Environment, Climate and Communications in the South (DECC).

The FCILC was to be composed of two agencies, the Loughs Agency and the Lights Agency. It was intended that the Lights Agency, when established, would replace the Commissioners of Irish Lights as the General Lighthouse Authority for Ireland. However, given the complexities that have arisen in terms of pursuing such a transfer of functions, the transfer has not taken place. These accounts deal with the Loughs Agency of the FCILC. The Lights Agency is not in operational existence.

The accounts have been prepared in accordance with:

- A form directed and approved by the Department of Finance and the Department of Public Expenditure and Reform, as provided for in the Body's Financial Memorandum; and
- The North South Annual Reports and

Accounts Guidance provided by the Department of Finance and the Department of Public Expenditure and Reform.

Business Review

A full review of the Agency's activities is given in the Annual Report.

Results for the Year

The Agency is jointly funded by DAERA in the North and DECC in the South (the Departments). Loughs Agency had a surplus of £86,703/€97,451 for the year ended 31 December 2020 (2019 (restated) deficit of £393,109/€447,830).

Fixed Assets

Details of the movement in fixed assets are set out in Note 10 to the Accounts.

Research and Development

Total expenditure on Research and Development in 2020 was £NIL (2019 - £NIL).

Charitable Donations

The Agency made no charitable donations during the year.

Business Plan 2020

